Sainítear struchtúr na Gníomhaireachta in **Airteagal 22**. Leagtar amach in **Airteagal 23 go hAirteagal 27** comhdhéanamh, feidhmeanna agus modhanna oibre an Bhoird Bainistíochta. Forbraítear iad bunaithe ar Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, rialacha nós imeachta Bhord Bainistíochta an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) agus an cur chuige coiteann. Leagtar amach in **Airteagal 28** na rialacha don Bhord Feidhmiúcháin, a thacaíonn leis an mBord Bainistíochta agus a ullmhaíonn a chruinnithe. Is é Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, rialacha nós imeachta Bhord Bainistíochta EMCDDA agus an cur chuige coiteann is bonn don fhoráil sin. In **Airteagal 29** leagtar amach freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus tá sé bunaithe ar Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 agus ar an gcur chuige coiteann. In **Airteagal 30** leagtar amach rialacha an Choiste Eolaíoch agus tá sé i gcomhréir le h**Airteagal 13** de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006. Ar deireadh, leagtar amach in **Airteagal 31 go 34** na rialacha do líonra pointí fócais náisiúnta agus do na lárionaid náisiúnta iad féin. Ní mór na pointí fócasacha náisiúnta a neartú i gcomhréir leis an athbhreithniú ar shainordú na Gníomhaireachta agus dá bhrí sin leathnaíodh na rialacha maidir leis na pointí fócasacha náisiúnta chun a ról agus a bhfreagrachtaí a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe. Ní mór cumhacht a thabhairt do na pointí fócasacha náisiúnta chun gníomhú mar chomhlacht lárnach sna Ballstáit do na sonraí go léir a bhaineann le drugaí agus ba cheart ról iomchuí a bheith acu ar an leibhéal náisiúnta freisin. Chun go mbeidh siad in ann a ról a chomhlíonadh mar is iomchuí, ba cheart dá mbunú ceanglais íosta áirithe a chomhlíonadh, agus ba cheart go ndéanfaidh an Gníomhaireacht a gcomhlíonadh a dheimhniú. De bhreis ar na híoscheanglais sin, is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le conas na pointí fócasacha náisiúnta a bhunú laistigh dá gcóras dlí náisiúnta.

I g**Caibidil VI (Airteagal 35 go hAirteagal 41)** tá na forálacha airgeadais. Leagtar amach in **Airteagal 35** na rialacha maidir le Doiciméad Clársceidealaithe Aonair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear pleanáil 3 bliana chomh maith le clár oibre na chéad bhliana eile. Cuireadh an

⁴¹ Doiciméid de chuid na Comhairle 12837/19, 12496/19, 7829/20.

fhóráil sin in oiriúint do na rialacháin airgeadais is déanaí⁴². Tá athruithe ar na forálacha airgeadais i gcomparáid le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 mar gheall ar chur chun feidhme an chur chuige choitinn agus na rialacha airgeadais atá infheidhme faoi láthair maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an AE. Is mionathruithe iad na hathruithe a tugadh isteach maidir leis na nósanna imeachta buiséid agus maidir le tiolacadh cuntas agus urscaoileadh. Is é **Airteagal 37** an t-aon fhóráil nua sa Chaibidil seo, a chuirfeadh ar chumas na Gníomhaireachta táillí a ghearradh ar chúraimí áirithe, nach bhfuil mar chuid de phríomhchúraimí na Gníomhaireachta. Is faoin nGníomhaireacht a bheidh sé cinneadh a dhéanamh ag céim níos déanaí, a luaithe a bheidh an Rialachán seo infheidhme, cibé acu an úsáidfídh sí an rogha sin nó nach n-úsáidfídh.

Áirítear na rialacha foirne i **gCaibidil VII (Airteagal 42 go hAirteagal 44)**. Is é is cúis leis na hathruithe i gcomparáid le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 cur chun feidhme an chur chuige choitinn agus athruithe ar na Rialacháin Foirne agus ar Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (**Airteagal 42 agus Airteagal 44**)⁴³. Áirítear in **Airteagal 43** na rialacha foirne is infheidhme maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Tá forálacha ginearálta agus críochnaitheacha i **gCaibidil VIII (Airteagal 45 go hAirteagal 63)**. Is é is cúis le hathruithe i gcomparáid le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 cur chun feidhme an chur chuige choitinn agus oiriúnuithe ar an reachtaíocht is déanaí. Cuireadh formhór na bhforálacha sin isteach cheana féin i Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006. Áirítear sa Chaibidil seo freisin forálacha idirthréimhseacha (**Airteagal 58 go hAirteagal 61**) chun aistriú cuí a chumasú ón Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí.

⁴² Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lgh. 1-38).

⁴³ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Dhrugaí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí le Rialachán (CEE) Uimh. 302/93 ón gComhairle³. Athmhúnláíodh an gníomh bunaidh sin in 2006 trí bhithin Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴.
- (2) Bunaíodh an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí chun faisnéis fhíorasach, oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide a sholáthar faoi dhrugaí, faoi andúil i ndrugaí agus faoi na hiarmhairtí ar leibhéal an Aontais chun fianaise a chur ar fáil don Aontas agus do na Ballstáit ar mhaithe le beartais a cheapadh agus treoir a thabhairt do thionscnaimh chun dul i ngleic le drugaí agus ar an gcaoi sin, breisluach a thabhairt dóibh nuair a dhéanann siad bearta nó nuair a chinneann siad beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí ina réimsí inniúlachta faoi seach. Le bunú an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, cuireadh feabhas follasach ar infhaighteacht faisnéis faoi dhrugaí agus andúil i ndrugaí ar fud na hEorpa.
- (3) Cé go bhfuil a chuspóir ginearálta fós bailí agus cé gur cheart é a choinneáil, níl Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 oiriúnach a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo maidir le drugaí. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar shainordú an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, lena n-áirítear é a athainmniú agus a ionadú le ‘Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Dhrugaí’ (‘an Gníomhaireacht’).

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Rialachán (CEE) Uimh. 302/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 maidir le Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí a bhunú (IO L 36, 12.2.1993, lch. 1).

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (athmhúnlú) (IO L 376, 27.12.2006, lch. 1).

Ós rud é go bhfuil gá le leasuithe substaintiúla ar Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 chun freastal ar an gcur chuige coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais⁵ agus chun forbairtí ar fheiniméan na ndrugaí a chur san áireamh, ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart Rialachán nua a chur in ionad an Rialacháin sin.

- (4) Dhírigh Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 go príomha ar shaincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte. Mar sin féin, is gá aghaidh a thabhairt freisin ar mhargaí drugaí agus ar shaincheisteanna soláthair drugaí chun tuiscint a fháil ar thionchar fheiniméan na ndrugaí ar an tsláinte phoiblí, chun infhaighteacht drugaí san Aontas a laghdú agus chun an t-éileamh ar dhrugaí a shrianadh. Tá dlúthnasc idir na saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte agus leis an soláthar. Dá bhrí sin, ba cheart don Ghníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí ar bhealach níos iomlánaíche.
- (5) Ba cheart obair na Gníomhaireachta a dhéanamh agus aird chuí á tabhairt ar chumhachtaí an Aontais agus a Bhallstát faoi seach i réimse na ndrugaí. Ba cheart gnéithe éagsúla fheiniméan na ndrugaí agus na réitigh a chuirtear i bhfeidhm a chumhdach san obair sin. Agus é sin á dhéanamh aici, ba cheart straitéisí ábhartha agus pleananna gníomhaíochta ábhartha arna nglacadh ag an Aontas, a bheith mar threoir ag an nGníomhaireacht, go háirithe Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí is infheidhme.
- (6) Agus a cuid gníomhaíochtaí á saothrú aici, ba cheart don Ghníomhaireacht comhoibriú le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA), agus ba cheart di gníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí sin a chur san áireamh chun dúbláil a sheachaint. Ba cheart comhar a dhéanamh freisin ar leibhéal idirnáisiúnta le húdaráis agus comhlachtaí ábhartha i dtríú tíortha agus ar leibhéal na Náisiún Aontaithe.
- (7) An úsáid ilsubstainte, is é sin le rá úsáid chomhchéimneach substainte sícighníomhaí amháin nó níos mó nó úsáid chomhchéimneach cineáil substainte amháin nó níos mó, bíodh sí dleathach nó aindleathach, nuair a ghlactar na substaintí sin in éineacht le drugaí, tá an úsáid sin ag éirí níos coitianta. Dá bhrí sin, ba cheart don Ghníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar chineálacha andúile eile atá bunaithe ar shubstaintí nuair a ghlactar na substaintí sin in éineacht le drugaí, trí chórais faireacháin a fhorbairt lena measfaí an ról tábhachtach a bhíonn ag úsáid chomhthráthach nó sheicheamhach substaintí eile, amhail ópóidigh neamhrialaithe nó mí-úsáid cógas, seachas díreach díriú ar shubstaint amháin, mar shampla hearóin.
- (8) Ba cheart don Ghníomhaireacht a cuid gníomhaíochtaí a fhorbairt maidir le trí phríomhréimse inniúlachta, i.e. faireachán, as a dtiocfaidh beartais a bhfuil bonn eolais níos fearr fúthu; luathrabhadh agus measúnú riosca, as a dtiocfaidh gníomhaíochtaí a bhfuil bonn eolais níos fearr fúthu; agus forbairt inniúlachta, as a dtiocfaidh freagairtí níos láidre ón Aontas d'fheiniméan na ndrugaí.

⁵ Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach an 19 Iúil 2012 maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, https://european-union.europa.eu/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_en.pdf.

- (9) Ba cheart anailisiú agus scaipeadh sonraí fós a bheith ar phríomhchúram na Gníomhaireachta. Bailítear na sonraí caighdeánacha trí na pointí fócasacha náisiúnta agus ba cheart na pointí sin fós a bheith ar cheann de na príomhsholáthraithe sonraí le haghaidh na Gníomhaireachta. Ina theannta sin, tá fáil níos mó ag teacht ar fhoinsí sonraí atá níos gaire d'fhíor-am trí mhodhanna nuálacha bailithe sonraí. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag an nGníomhaireacht ar na sonraí uile atá ar fáil chun léargas iomlánaíoch a fháil ar fheiniméan na ndrugaí san Aontas agus ar na fachtóirí seachtracha a bhfuil tionchar acu air.
- (10) Ba cheart ceanglais sonraí na Gníomhaireachta a léiriú sna pointí fócasacha náisiúnta. Ba cheart cumhacht a thabhairt dóibh laistigh de na Ballstáit na sonraí ábhartha uile a fháil ó na húdaráis náisiúnta éagsúla. Ba cheart bailiú sonraí sna Ballstáit a chuíchóiriú a mhéid is féidir chun tuairisciú dúbailte agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint.
- (11) Chun bailiú sonraí agus malartú faisnéise a éascú agus a struchtúru, idir fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil, agus chun tacú le córas faireacháin comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú lena gcumasófar faireachán fíor-ama, ba cheart réiteach digiteach iomchuí a bheith ag an nGníomhaireacht. Leis sin, ba cheart a bheith in ann bainistiú agus malartú sonraí agus faisnéise a uathoibriú. Leis an réiteach sin ba cheart faireachán fíor-ama a éascú ar mhargaí drugaí teicneolaíocht-chumasaithe freisin, an t-idirlíon dorcha san áireamh.
- (12) Chun é a chur ar cumas don Gníomhaireacht úsáid níos fearr a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil di, mar shampla bearta níos réamhghníomhaí a eisiúint amhail measúnuithe ar bhagairtí, tuarascálacha agus foláirimh faisnéise straitéisí, agus chun feabhas a chur ar ullmhacht an Aontais i leith forbairtí amach anseo, ba cheart acmhainneacht faireacháin agus anailise na Gníomhaireachta a neartú.
- (13) Chun ullmhacht an Aontais a fheabhsú, is gá freisin léargas iomlánaíoch a fháil ar na forbairtí a d'fhéadfadh teacht ar fheiniméan na ndrugaí amach anseo. Chun í féin agus lucht déanta beartas a ullmhú le haghaidh forbairtí den sórt sin amach anseo, ba cheart don Gníomhaireacht cleachtaí fadbhreathnaitheacha rialta a dhéanamh agus meigithreochtaí á gcur san áireamh, is é sin le rá treochtaí fadtéarmacha spreagthacha atá inbhraite anois agus gur dóichí go mbeidh tionchar suntasach acu ar an todhchaí, lena ndírítear ar dhúshláin agus ar dheiseanna nua a aithint chun freagairt d'fhadhbanna drugaí.
- (14) Tá an feiniméan drugaí ag éirí níos cumasaithe de réir a chéile ó thaobh na teicneolaíochta de, mar a léiríodh arís le linn phaindéim COVID-19, nuair a tugadh faoi deara gur baineadh úsáid níos mó as teicneolaíochtaí nua chun dáileadh drugaí a éascú. Meastar go bhfuil baint ag thart ar dhá thrían de na tairiscintí ar mhargaí an idirlín dhorcha le drugaí. Tá ardáin éagsúla á n-úsáid ag an trádáil i ndrugaí, lena n-áirítear líonraí meán sóisialta agus feidhmchláir mhóibíleacha. Léirítear an fhorbairt sin i bhfreagairtí d'fheiniméan na ndrugaí, agus úsáid níos mó á baint as feidhmchláir mhóibíleacha agus idirghabhálacha ríomhshláinte. Ba cheart don Gníomhaireacht, in éineacht le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais agus dúbailt iarrachtaí á seachaint, faireachán a dhéanamh ar na forbairtí sin mar chuid dá cur chuige iomlánaíoch maidir le feiniméan na ndrugaí.
- (15) Ba cheart aghaidh a thabhairt ar leibhéal an Aontais ar shubstaintí sícighníomhacha nua lena ngabhann rioscaí sláinte agus sóisialta ar fud an Aontais. Is gá faireachán a dhéanamh orthu dá bhrí sin, chun gur féidir freagairt dóibh go tapa, chun Córas Luathrabhaidh an Aontais a chothabháil. Rinneadh leasú le déanaí ar an malartú faisnéise agus ar an gcóras luathrabhaidh maidir le substaintí sícighníomhacha nua,

lena n-áirítear an tuarascáil tosaigh agus an measúnú riosca ar shubstaintí sícighníomhacha nua, agus ba cheart iad a fhágáil gan athrú.

- (16) Bunaithe ar an bhfaireachán neartaithe a rinne an Ghníomhaireacht agus ar an taithí atá faighte sa mheasúnú riosca ar shubstaintí sícighníomhacha nua, ba cheart don Ghníomhaireacht cumais ghinearálta a fhorbairt i ndáil le measúnuithe ar bhagairtí. Tá géarghá le hacmhainneacht níos réamhghníomhaí chun bagairtí nua a shainaitheint go gasta agus chun eolas a chur ar fáil chun frithbhearta a fhorbairt toisc go gciallaíonn cineál dinimiciúil fheiniméan nua-aimseartha na ndrugaí gur féidir le dúshláin ghaolmhara leathadh go tapa thar theorainneacha.
- (17) Ós rud é go bhféadfadh sé go ndéanadh substaintí contúirteacha dochar don tsláinte phoiblí, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann foláirimh a eisiúint. Chun tacú le feidhm den sórt sin, ba cheart don Ghníomhaireacht córas rabhaidh Eorpach a fhorbairt maidir le drugaí a mbeadh rochtain ag údaráis náisiúnta air. Leis an gcóras sin, ba cheart mearmhalartú faisnéise a éascú a bhféadfadh gá a bheith le bearta tapa ina leith, chun an tsláinte phoiblí, an tsábháilteacht agus an tslándáil a chosaint. Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann ní hamháin údaráis náisiúnta, ach úsáideoirí féideartha na substaintí sin a chur ar an eolas freisin.
- (18) Is substaintí iad réamhtheachtaithe drugaí a bhfuil gá leo chun drugaí amhail amfataimíní, cócaon agus hearóin a tháirgeadh. An gháinneáil agus atreorú réamhtheachtaithe drugaí ó bhealaí dleathacha go táirgeadh neamhdhleathach drugaí, ba cheart an cosc ar an méid sin a neartú de réir mar atá/ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar tháirgeadh neamhdhleathach drugaí san Aontas. Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, ba cheart ról a bheith ag an nGníomhaireacht i ndáil le faireachán a dhéanamh ar atreorú agus ar gháinneáil réamhtheachtaithe drugaí agus i ndáil le cúnamh a thabhairt don Choimisiún reachtaíocht an Aontais maidir le réamhtheachtaithe drugaí a chur chun feidhme.
- (19) Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an ngá atá le sonraí fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha agus le saineolas agus go bhfuil easpa comhordaithe idir saotharlanna sna Ballstáit, is gá saotharlann ‘fíorúil’ a bhunú, i.e. líonra saotharlann fhóiréinseach agus tocsaineolaíoch atá eolach ar réimse na ndrugaí agus ar na díobhálacha a bhaineann leo. Leis an saotharlann ‘fíorúil’ sin, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha, cur lena hacmhainneachtaí sa réimse agus tacú le malartú eolais idir na saotharlanna ábhartha sna Ballstáit, gan na costais arda a thabhu a bhaineann lena saotharlann féin a chruthú agus a reáchtáil.
- (20) Ba cheart an líonra de shaotharlanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha a bheith ionadaíoch do na Ballstáit trí chead a thabhairt dóibh dhá shaotharlann a cheapadh don líonra, lena gcumhdófar saineolas tocsaineolaíoch agus fóiréinseach. Chun an clúdach is leithne is féidir a áirithiú, ba cheart an deis a thabhairt freisin do shaineolaithe ó shaotharlanna eile atá ábhartha d’obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear saineolaithe ón Líonra Eorpach um Shaotharlanna Custaim, a bheith rannpháirteach sa líonra. Chuirfeadh comhar den sórt sin ar a gcumas do na saotharlanna uile atá i gceist foghlaim ó chéile ar fud réimsí éagsúla.
- (21) Chun cur leis an eolas sa réimse sin agus chun tacú leis na Ballstáit, ba cheart don Ghníomhaireacht tionscadail ábhartha a shainiú agus a mhaoiniú, amhail caighdeáin tagartha a fhorbairt maidir le drugaí nua, forbairt a dhéanamh ar staidéir thocsaineolaíocha nó chógaseolaíochta agus próifiliú drugaí. Thacódh cur chuige den sórt sin le faisnéis a chomhroinnt idir saotharlanna ábhartha agus laghdófaí na costais ar shaotharlanna aonair.

- (22) Ós rud é go bhfuil rochtain ag an nGníomhaireacht ar shonraí agus ar an taithí eolaíoch is gá chun straitéisí coisctheacha atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a chur chun cinn, ba cheart baint a bheith aici le hobair choisctheach, go háirithe le malartú dea-chleachtas agus le torthaí taighde a d'fhéadfaí a chur chun feidhme maidir le drugaí a chosc, coireacht a bhaineann le drugaí a chosc agus díobhálacha a bhaineann le drugaí a chosc, lena n-áirítear caighdeáin cháilíochta chun drugaí a chosc (Caighdeáin Eorpacha um Dhrugaí a Chosc) nó curaclam lena gcuirfear an t-eolas faoi na hidirghabhálacha agus faoin gcur chuige fianaisebhunaithe is éifeachtaí chun drugaí a chosc ar fáil do lucht cinnteoireachta agus lucht déanta beartas (Curaclam an Aontais Eorpaigh um Chosc)
- (23) I bhfianaise a peirspictíochta ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann meastóireacht a dhéanamh ar bhearta agus ar oiliúint náisiúnta, mar shampla bearta maidir le cosc, cóireáil, laghdú díobhála agus bearta gaolmhara eile, i bhfianaise a mhéid atá siad ag cloí leis an staid eolaíochta is déanaí agus i bhfianaise a n-úsáideacht chruthaithe. Ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit nó do chomhlachtaí gairmiúla ábhartha an creidiúnú nó an deimhniú a úsáid mar lipéad cáilíochta dá gcuid oibre.
- (24) Ós rud é go bhfuil seasamh uathúil ag an nGníomhaireacht ar leibhéal an Aontais lena gceadaítear di sonraí agus dea-chleachtais a chur i gcomparáid lena chéile, ba cheart don Ghníomhaireacht tacú le meastóireacht agus dréachtú straitéisí náisiúnta drugaí ar bhealach níos struchtúrtha ar fud na mBallstát, go háirithe maidir le forbairt beartais. Ina theannta sin, maidir le ról na Gníomhaireachta i ndáil le hoiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit i gcur chun feidhme caighdeán cáilíochta agus dea-chleachtas, ba cheart an ról sin a neartú i bhfianaise an tsaineolais a fhorbraíonn sí sna réimsí sin.
- (25) Ba cheart freagrachtaí na Gníomhaireachta i réimse an chomhair idirnáisiúnta a shainiú i dtéarmaí ní ba shoiléire ionas go mbeidh sí in ann dul i mbun gníomhaíochtaí den sórt sin go hiomlán agus freagairt d'iarrataí ó thríú tíortha agus ó chomhlachtaí. Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann rannchuidiú le forbairt agus cur chun feidhme ghné sheachtrach bheartas drugaí an Aontais agus le ról ceannaireachta an Aontais ar an leibhéal iltaobhach mar mhodh chun cur chun feidhme éifeachtúil agus comhleanúnach bheartais an Aontais maidir le drugaí a áirithiú go hinmheánach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Chun go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann leibhéil leordhóthanacha acmhainní a leithdháileadh ar an gcúram sin, ba cheart an obair ar chomhar idirnáisiúnta a bheith mar chuid de phríomhchúraimí na Gníomhaireachta. Ba cheart é a bheith bunaithe ar chreat comhair idirnáisiúnta de chuid na Gníomhaireachta, rud ba cheart a bheith i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le comhar idirnáisiúnta agus ba cheart é a athbhreithniú ar bhonn rialta chun a áirithiú go léirítear forbairtí idirnáisiúnta inti go leormhaith.
- (26) Chun cabhrú le cistiú an Aontais i gcomhair taighde slándála chun a phoitéinseal iomlán a fhorbairt agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an bheartais drugaí, ba cheart don Ghníomhaireacht cúnamh a thabhairt don Choimisiún príomhthéamaí taighde a shainaithe, clár réime an Aontais um taighde agus nuálaíocht atá ábhartha maidir le cuspóirí na Gníomhaireachta a tharraingt suas agus a chur chun feidhme. Nuair a chuidíonn an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún chun príomhthéamaí taighde a shainaithe, agus clár réime an Aontais a tharraingt suas agus a chur chun feidhme, níor cheart di cistiú a fháil ón gclár sin chun coinbhleacht fhéideartha leasa a sheachaint. Ar deireadh, ba cheart don Ghníomhaireacht páirt a ghlacadh i dtionscnaimh uile-Aontais ina dtugtar aghaidh ar thaighde agus nuálaíocht chun a

áirithiú go ndéanfar na teicneolaíochtaí is gá le haghaidh a cuid gníomhaíochtaí a fhorbairt agus go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid.

- (27) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin cúnamh a thabhairt don Bhord Bainistíochta chun a chinntí a ullmhú. Ba cheart Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar an nGníomhaireacht. Ba cheart do Choiste Eolaíochta leanúint de chúnamh a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le hábhair eolaíocha ábhartha.
- (28) Ba cheart na pointí fócasacha náisiúnta a bheith ar cheann de na príomhsholáthraithe sonraí don Ghníomhaireacht. Is gá íoscheanglais a leagan síos maidir lena geruthú ag na Ballstáit agus maidir lena ndeimhniú ag an nGníomhaireacht. Chun feidhmiú leormhaith na bpointí fócasacha náisiúnta a ráthú, ba cheart iad a bhunú ar bhonn buan, agus buiséad tiomnaithe agus leibhéal áirithe neamhspleáchais a bheith acu chun a bhfeidhm a chomhlíonadh.
- (29) Ba cheart acmhainní cuí a bheith ag an nGníomhaireacht chun a cúraimí a chur i gcrích agus ba cheart buiséad uathrialach a dheonú di. Ba cheart í a mhaoiniú go príomha trí ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais. Ba cheart feidhm a bheith ag nós imeachta buiséadach an Aontais a mhéid a bhaineann le ranníocaíocht an Aontais agus le haon fhóirdheontas eile is inmhuirearaithe ar bhuiséad ginearálta an Aontais. Ba cheart do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa na cuntais a iniúchadh.
- (30) Le táillí, cuirtear feabhas ar chistiú gníomhaireachta agus féadfar iad a chur san áireamh le haghaidh saincheisteanna sonracha ar saincheisteanna iad is féidir a dheighilt go soiléir ó phríomhchúraimí na gníomhaireachta. Ba cheart go gclúdódh aon táille a thoibheoidh an Ghníomhaireacht a costais as na seirbhísí lena mbaineann a sholáthar.
- (31) Ba cheart don Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle freisin. Thairis sin, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bheith in ann iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt faoi fheidhmiú a chuid dualgas.
- (32) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ maidir leis an nGníomhaireacht. Ba cheart an Ghníomhaireacht a bheith chomh trédhearcach agus is féidir maidir lena cuid gníomhaíochtaí, agus fós gan baint amach chuspóir a cuid oibríochtaí a chur i mbaoil.
- (33) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ agus Comhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)⁸, ar aontaigh an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí dóibh cheana, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis an nGníomhaireacht.

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

⁷ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁸ (IO L 136, 31.5.1999, lch. 15)

- (34) Chun feidhmíocht na Gníomhaireachta a rialú agus a áirithiú agus chun go gceadófar di, de réir an tsainordaithe atá aici, na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo a dhéanamh a cheanglaítear le forbairtí sa mhargadh drugaí agus sna forbairtí beartas, ba cheart meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar obair na Gníomhaireachta ar bhonn rialta agus ba cheart a sainordú a oiriúnú dá réir, más gá.
- (35) Ba cheart don Ghníomhaireacht comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, le comhlachtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha eile agus le comhlachtaí teicniúla ábhartha laistigh agus lasmuigh den Aontas chun a clár oibre a chur chun feidhme, go háirithe chun dúbailt oibre a sheachaint agus chun rochtain a áirithiú ar na sonraí agus ar na huirlisí uile is gá chun a sainordú a chur i gcrích.
- (36) Tagann an Ghníomhaireacht in ionad an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, arna bhunú le Rialachán (CE) 1920/2016 agus tagann sí i gcomharbacht air. Ba cheart dó, dá bhrí sin, a bheith ina chomharba dlíthiúil ar a chonarthaí go léir, lena n-áirítear na conarthaí fostaíochta, na dliteanais agus na haonaid réadmhaoine a fuarthas. Na comhaontuithe idirnáisiúnta a thug an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí i gcrích roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart go bhfanfadh siad i bhfeidhm.
- (37) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon gníomhaireacht a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí, a ghnóthú go leormhaith ach, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

CUSPÓIRÍ AGUS CÚRAIMÍ GINEARÁLTA NA GNÍOMHAIREACHTA

Airteagal 1

An Ghníomhaireacht a bhunú

1. Leis an Rialachán seo bunaítear Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht').
2. Gabhfaidh an Ghníomhaireacht ionad an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 agus tiocfaidh sí i gcomharbacht air.

Airteagal 2

Stádas dlítheanach agus suíomh

1. Comhlacht de chuid an Aontais, a mbeidh pearsantacht dhlítheanach aici, a bheidh sa Ghníomhaireacht.
2. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an nGníomhaireacht an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoin dlí náisiúnta. Go

háirithe, beidh sí in ann maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt, agus beidh sí in ann a bheith ina páirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Is i Liospóin, an Phortaingéil, a bheidh suíomh na Gníomhaireachta.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críoch an Rialacháin seo:

- (1) ciallaíonn ‘drugaí’ drugaí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1, pointe 1, de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle⁹;
- (2) ciallaíonn ‘substaintí sícighníomhacha nua’ substaintí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1, pointe 4, de Chinneadh Réime 2004/757/CGB;
- (3) ciallaíonn ‘an úsáid ilsubstainte’ úsáid chomhchéimneach substainte sícighníomhaí amháin nó níos mó nó úsáid chomhchéimneach cineáil substainte amháin nó níos mó, nuair a ghlactar na substaintí sin in éineacht le drugaí, bíodh sí dleathach nó aindleathach;
- (4) ciallaíonn ‘réamhtheachtaithe drugaí’ substaintí a rialaítear agus a ndéantar faireachán orthu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ agus le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle¹¹;
- (5) ciallaíonn ‘tíortha rannpháirteacha’ na Ballstáit agus na tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích acu leis an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 54;
- (6) ciallaíonn ‘eagraíocht idirnáisiúnta’ eagraíocht agus a cuid fochomhlachtaí arna rialú ag an dlí idirnáisiúnta poiblí, nó aon chomhlacht eile a bhunaítear le comhaontú idir dhá thír nó níos mó nó ar bhonn comhaontú den sórt sin;
- (7) ciallaíonn ‘Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí’ Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe ar Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú le Prótocal 1972¹², Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha in 1971¹³ agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha 1988¹⁴;
- (8) ciallaíonn ‘córas na Náisiún Aontaithe’ córas an tsásra rialaithe a bunaíodh le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí.

Airteagal 4

Cúram Ginearálta na Gníomhaireachta

⁹ Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhruaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí (IO L 47, 18.2.2004 lch. 1).

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an Comhphobal agus tríú tíortha (IO L 22, 26.1.2005, lch. 1).

¹² Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, Imleabhar 976, Uimh. 14152.

¹³ Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, Imleabhar 1019, Uimh. 14956.

¹⁴ Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, Imleabhar 1582, Uimh. 27627.

Soláthróidh an Ghníomhaireacht faisnéis fhíorasach, oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide don Aontas agus dá Bhallstáit, chomh maith le luathrabhadh agus measúnú riosca ar leibhéal an Aontais maidir le drugaí, andúil i ndrugáí, margaí drugaí agus a n-iarmhairtí, agus molfaidh sí gníomhaíochtaí iomchuí nithiúla fianaisebhunaithe maidir leis an gcaoi chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ghaolmhara ar bhealach tráthúil.

Airteagal 5

Cúraimí sonracha

1. Chun an cúram ginearálta a leagtar amach in Airteagal 4 a chur chun feidhme, déanfaidh an Ghníomhaireacht na cúraimí seo a leanas:
 - (a) cúraimí faireacháin, lena n-áireofar an méid seo a leanas:
 - (1) faisnéis agus sonraí de bhun Airteagal 6(1) a bhailiú;
 - (2) faisnéis agus sonraí de bhun Airteagal 6(5) a scaipeadh; agus
 - (3) faireachán a dhéanamh ar fheiniméan na ndrugáí, lena gcuimsítear gné na sláinte poiblí, na sábháilteachta agus na slándála, de bhun Airteagal 7.
 - (b) cúraimí ullmhachta, lena n-áireofar an méid seo a leanas:
 - (1) malartú faisnéise maidir le substaintí sícighníomhacha nua agus an córas luathrabhaidh ina leith, lena n-áirítear tuarascáil tosaigh agus measúnú riosca a ullmhú, de bhun Airteagal 8 go hAirteagal 11;
 - (2) measúnú ar an mbagairt agus ullmhacht de bhun Airteagal 12;
 - (3) córas rabhaidh Eorpach um dhrugaí a bhunú agus a oibriú de bhun Airteagal 13;
 - (4) faireachán a dhéanamh ar na forbairtí a bhaineann le gáinneáil agus atreorú réamhtheachtaithe drugaí agus rannchuidiú le cur chun feidhme na reachtaíochta i ndáil le réamhtheachtaithe drugaí de bhun Airteagal 14;
 - (5) líonra de shaotharlanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha a bhunú agus a oibriú de bhun Airteagal 15;
 - (c) cúraimí forbartha inniúlachtaí, lena n-áireofar an méid seo a leanas:
 - (1) cláir agus feachtais choisc ar fad an Aontais a fhorbairt, a leathnú agus a chur chun cinn de bhun Airteagal 16;
 - (2) bearta náisiúnta a chreidiúnú agus a dheimhniú de bhun Airteagal 17;
 - (3) tacú leis na Ballstáit de bhun Airteagal 18;
 - (4) oiliúint de bhun Airteagal 19;
 - (5) comhar idirnáisiúnta agus cúnamh teicniúil de bhun Airteagal 20;
 - (6) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta de bhun Airteagal 21.
2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an líonra dá dtagraítear in Airteagal 31 a bhunú agus a chomhordú, i gcomhairle agus i gcomhar leis na húdaráis inniúla agus leis na heagraíochtaí sna tíortha rannpháirteacha.

3. Gníomhóidh an Ghníomhaireacht ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta agus uileghabhálach ó thaobh na heolaíochta de nuair a bheidh na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh agus á gcur chun feidhme aici.
4. Cuirfidh an Ghníomhaireacht feabhas ar chomhordú idir gníomhaíocht náisiúnta agus gníomhaíocht an Aontais ina réimsí gníomhaíochta agus éascóidh sí malartuithe faisnéise idir cinnteoirí, taighdeoirí, speisialtóirí agus iad siúd a bhfuil baint acu le saincheisteanna a bhaineann le drugaí in eagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha.
5. Tacóidh an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha, atá sainaitheanta i straitéisí an Aontais is infheidhme maidir le drugaí, agus na straitéisí sin á gcur chun feidhme, de réir mar is iomchuí.
6. Agus na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh agus á gcur chun feidhme aici, féadfaidh an Ghníomhaireacht cruinnithe saineolaithe a eagrú, meithleacha ad hoc a chur ar bun agus tionscadail a mhaoiniú, de réir mar is gá.
7. Agus na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh agus á gcur chun feidhme aici, comhoibreoidh an Ghníomhaireacht go gníomhach le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí dílárta eile de chuid an Aontais Eorpaigh, go háirithe Europol, Eurojust, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, chun an uas-éifeachtúlacht a bhaint amach i ndáil le faireachán a dhéanamh ar fheiniméan na ndrugaí, measúnú a dhéanamh air agus freagra a thabhairt dó.
8. Féadfaidh an Ghníomhaireacht dul i mbun gníomhaíochtaí cumarsáide ar a tionscnamh féin, ar gníomhaíochtaí iad a thagann faoina sainordú. Ní dhéanfaidh leithdháileadh acmhainní ar gníomhaíochtaí cumarsáide dochar d'fheidhmiú éifeachtach na gcúraimí dá dtagraítear i mír 1. Déanfar gníomhaíochtaí cumarsáide i gcomhréir le pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta.

CAIBIDIL II

FAIREACHÁN

Airteagal 6

Faisnéis agus sonraí a bhailiú agus a scaipeadh

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht:
 - (a) an fhaisnéis agus na sonraí ábhartha go léir a bhailiú, lena n-áirítear faisnéis agus sonraí arna gcur in iúl ag na pointí fócasacha náisiúnta, a bheidh mar thoradh ar thaighde, atá ar fáil ó fhoinsí oscailte, agus sonraí a thagann ón Aontas, ó fhoinsí neamhrialtasacha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla;
 - (b) faisnéis agus sonraí a bhailiú a theastaíonn chun faireachán a dhéanamh ar an úsáid ilsubstainte dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (c);
 - (c) an fhaisnéis agus na sonraí atá ar fáil a bhailiú ó na pointí fócasacha náisiúnta agus ó na haonaid náisiúnta Europol maidir le substaintí sícighníomhacha agus an fhaisnéis sin a chur in iúl gan moill mhíchúí do na pointí fócasacha náisiúnta agus do na haonaid náisiúnta Europol agus don Choimisiún;

- (d) faisnéis agus sonraí maidir le réamhtheachtaithe drugaí, a n-atreorú agus a ngáinneáil a bhailiú agus a anailisiú;
 - (e) staidéir taighde agus faireacháin, suirbhéanna, staidéir féidearthachta agus treoirthionscadail is gá chun a cúraimí a chur i gcrích a dhéanamh agus a choimisiúnú;
 - (f) inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht fheabhsaithe na faisnéise agus na sonraí a áirithiú ar leibhéal an Aontais trí tháscairí agus caighdeáin chomhchoiteanna de chineál neamhcheangailteach a bhunú, rudaí a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht a mholadh le comhlíonadh, d'fhonn aonfhoirmeacht níos fearr a áirithiú maidir leis na modhanna tomhais arna n-úsáid ag na Ballstáit agus ag an Aontas; forbróidh an Ghníomhaireacht go háirithe uirlisí agus ionstraimí chun cabhrú leis na Ballstáit faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a mbeartais náisiúnta agus chun cabhrú leis an gCoimisiún faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais an Aontais.
2. Baileoidh an Ghníomhaireacht na sonraí náisiúnta ábhartha trí na pointí fócasacha náisiúnta. Comhoibreoidh sí freisin go dlúth le heagraíochtaí agus comhlachtaí eile náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta a bhfuil faisnéis den sórt sin acu cheana.
 3. Forbróidh an Ghníomhaireacht, laistigh dá sainordú, modhanna agus cineálacha cur chuige bailithe sonraí, lena n-áirítear trí thionscadail le comhpháirtithe seachtracha.
 4. Féadfaidh an Ghníomhaireacht na réitigh dhigiteacha is gá a fhorbairt trína ndéantar faisnéis agus sonraí a bhainistiú agus a mhalartú go huathoibríoch.
- Má fhorbraítear na réitigh dhigiteacha sin, déanfaidh siad an méid seo a leanas:
- (a) bailiú uathoibríoch sonraí a chumasú, lena n-áirítear faisnéis foinse oscailte, agus an fhéidearthacht go gcuirfí sonraí ar fáil de láimh a choimeád ag an am céanna;
 - (b) intleacht shaorga a chur i bhfeidhm chun sonraí a bhailíochtú, a anailisiú agus a thuairisciú go huathoibríoch;
 - (c) láimhsiú agus malartú ríomhairithe faisnéise, sonraí agus doiciméad a cheadú.
5. Scaipfidh an Ghníomhaireacht faisnéis agus sonraí tríd an méid seo a leanas:
 - (a) an fhaisnéis a tháirgeann sí a chur ar fáil don Aontas, do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear maidir le forbairtí nua agus treochtaí athraitheacha;
 - (b) scaipeadh forleathan a hanailís, a conclúidí agus a tuarascálacha a áirithiú;
 - (c) scaipeadh forleathan sonraí iontaofa, seachas sonraí íogaire neamh-rúnaicmithe agus rúnaicmithe, a áirithiú trí thuarascáil rialta a fhoilsiú, ar bhonn na sonraí a bhailíonn sí, maidir le staid fheiniméan na ndrugaí, lena n-áirítear sonraí maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn;
 - (d) acmhainní doiciméadachta eolaíochta oscailte a chur ar bun agus a chur ar fáil agus cuidiú le gníomhaíochtaí faisnéise a chur chun cinn;
 - (e) faisnéis a sholáthar faoi chaighdeáin cháilíochta, faoi dhea-chleachtais nuálacha agus faoi thorthaí infheidhmithe taighde sna Ballstáit agus malartú agus cur chun feidhme an chaighdeáin agus na gcleachtas sin a éascú.

6. Ní bhaileoidh an Ghníomhaireacht aon sonraí lenar féidir daoine aonair ná grúpaí beaga daoine aonair a shainaithint. Staonfaidh sí ó aon fhaisnéis a bhaineann le daoine aonair sonracha a tharchur.

Airteagal 7

Faireachán a dhéanamh ar fheiniméan na ndrugaí

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar an méid seo a leanas:
- (a) feiniméan na ndrugaí san Aontas ar bhealach iomlánaíoch, trí tháscairí eipidéimeolaíocha agus trí tháscairí eile, lena gcumhdaítear gnéithe sláinte, sábháilteachta agus slándála, lena n-áirítear cur chun feidhme straitéisí infheidhme an Aontais maidir le drugaí;
 - (b) treochtaí atá ag teacht chun cinn i bhfeiniméan na ndrugaí san Aontas agus go hidirnáisiúnta chomh fada agus a bheidh tionchar acu ar an Aontas; áireofar leis sin faireachán a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí nua le haghaidh seirbhísí drugaí nó le haghaidh gáinneáil ar dhruaí, agus naisc le réimsí eile coireachta, de réir mar is ábhartha;
 - (c) an úsáid ilsubstainte agus na hiarmhairtí a bhaineann léi, go háirithe na himpleachtaí le haghaidh beartais agus le haghaidh freagairtí a eascraíonn as an idirghníomhaíocht idir úsáid drugaí le substaint shíceighníomhach amháin nó níos mó nó le cineál substainte amháin nó níos mó, bíodh sí dleathach nó aindleathach; lena n-áirítear na rioscaí méadaithe maidir le fadhbanna sláinte agus sóisialta a d'fhéadfadh tarlú nuair a chaitear drugaí agus substaintí síceighníomhacha eile ag an am céanna nó go seicheamhach laistigh de thréimhse ghearr ama nó nuair a dhéantar substaintí éagsúla a tháirgeadh nó a dhíol le chéile; an gá atá ann na cúiseanna coitianta le húsáid drugaí agus andúilí a mheas; agus na himpleachtaí maidir le faireachán agus malartú dea-chleachtas, a thagann chun cinn nuair a dhírítear beartais agus freagairtí ar shubstaintí iolracha ar bhealach iomlánaíoch;
 - (d) fadhbanna a bhaineann le drugaí agus na réitigh a cuireadh i bhfeidhm, go háirithe cur chun feidhme dea-chleachtas nuálach agus torthaí taighde;
 - (e) i gcomhar le Europol agus le tacaíocht ó phointí fócasacha náisiúnta agus ó aonaid náisiúnta Europol, gach substaint shíceighníomhach nua atá tuairiscithe ag na Ballstáit;
 - (f) réamhtheachtaithe drugaí agus a ngáinneáil agus a n-atreorú;
 - (g) beartais an Aontais agus beartais náisiúnta maidir le drugaí, lena n-áirítear d'fhonn tacú lena bhforbairt agus lena meastóireacht neamhspleách;
 - (h) margaí drugaí atá cumasaithe don teicneolaíocht, i gcomhar le Europol laistigh dá sainorduithe féin.
2. Ar bhonn a gníomhaíochtaí faireacháin, déanfaidh an Ghníomhaireacht dea-chleachtais nuálacha a shainaithint agus iad a fhorbairt tuilleadh. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faisnéis maidir leis na dea-chleachtais nuálacha sna Ballstáit a sholáthar agus a roinnt agus déanfaidh sí malartú na gcleachtas sin idir na Ballstáit a éascú.

3. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht faoi chleachtaí fadbhreathnaitheachta rialta, agus an fhaisnéis atá ar fáil á cur san áireamh. Forbróidh sí, ar an mbonn sin, tuartha ábhartha maidir le beartas drugaí a fhorbairt amach anseo.

CAIBIDIL III

ULLMHACHT

Airteagal 8

Malartú faisnéise maidir le substaintí sícighníomhacha nua, agus córas luathrabhaidh maidir leo

1. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh a phointe fócasach náisiúnta agus a aonad náisiúnta Europol an fhaisnéis atá ar fáil maidir le substaintí sícighníomhacha nua a sholáthar don Ghníomhaireacht agus do Europol, agus a sainorduithe faoi seach á gcur san áireamh, ar bhealach tráthúil agus gan mhoill mhíchuí.

Bainfidh an fhaisnéis le brath agus le sainaitheint na substaintí sin, lena n-úsáid agus le patrúin a n-úsáide, lena monarú, lena n-eastóscadh, lena ndáileadh agus lena modhanna dáilte, lena ngáinneáil, lena n-úsáid tráchtála, mhíochaine agus eolaíoch, agus leis na rioscaí féideartha agus sainaitheanta a ghabhann leis na substaintí sin.

2. I gcomhar le Europol, déanfaidh an Ghníomhaireacht faisnéis faoi shubstaintí sícighníomhacha nua a bhailiú, a chomhthiomsú, a anailisiú agus a mheasúnú. Cuirfidh sí an fhaisnéis sin in iúl go tráthúil do na pointí fócasacha náisiúnta, d'aonaid náisiúnta Europol agus don Choimisiún d'fhonn aon fhaisnéis a theastaíonn le haghaidh luathrabhaidh a sholáthar dóibh.

Tarraingeoidh an Ghníomhaireacht suas an tuarascáil tosaigh nó an tuarascáil chomhcheangailte tosaigh de bhun Airteagal 9 ar bhonn na faisnéise arna bailiú de bhun na chéad fhomhíre.

Airteagal 9

Tuarascáil tosaigh

1. I gcás ina measann an Ghníomhaireacht, an Coimisiún nó tromlach de na Ballstáit go bhfuil ábhar imní ann, mar gheall ar an bhfaisnéis a comhroinneadh ar shubstaint shícighníomhach nua a bailíodh i mBallstát amháin nó níos mó, go bhféadfaidh rioscaí don tsláinte nó rioscaí sóisialta a bheith ag gabháil leis an tsubstaint shícighníomhach nua ar leibhéal an Aontais, déanfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil tosaigh a tharraingt suas ar an tsubstaint shícighníomhach nua.

Chun críche na chéad fhomhíre, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas maidir lena mian go ndéanfaí tuarascáil tosaigh a tharraingt suas. Ar shroicheadh thromlach na mBallstát, tabharfaidh an Coimisiún treoir don Ghníomhaireacht dá réir agus cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas ina leith.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil tosaigh:
 - (a) réamhléiriú ar chineál, líon agus scála na dteagmhas a léiríonn fadhbanna sláinte agus sóisialta ina bhféadfadh an tsubstaint shícighníomhach a bheith i gceist, agus patrúin úsáide na substainte sícighníomhaí nua;

- (b) réamhléiriú ar chur síos ceimiceach agus fisiceach na substainte sícighníomhaí nua agus na modhanna agus na réamhtheachtaithe a úsáidtear lena monarú nó lena heastóscadh;
 - (c) réamhléiriú ar chur síos cógaseolaíoch agus tocsaineolaíoch na substainte sícighníomhaí nua;
 - (d) réamhléiriú ar rannpháirtíocht grúpaí coiriúla i monarú nó i ndáileadh na substainte sícighníomhaí nua.
 - (e) faisnéis maidir le húsáid mhíochaine na substainte sícighníomhaí nua ag an duine nó sa tréidliacht, lena n-áirítear a húsáid mar shubstaint ghníomhach i dtáirge íocshláinte lena úsáid ag an duine nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta;
 - (f) faisnéis maidir le húsáid tráchtála agus thionsclaíoch na substainte sícighníomhaí nua, ar mhéid na húsáide sin, agus ar úsáid na substainte ar mhaithe le taighde eolaíoch agus forbairt eolaíoch;
 - (g) faisnéis i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil an tsubstaint shícighníomhach nua faoi réir aon bhearta sriantacha sna Ballstáit;
 - (h) faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an tsubstaint shícighníomhach nua á measúnú faoi láthair nó cé acu a ndearnadh nó nach ndearnadh í a mheasúnú laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe;
 - (i) faisnéis ábhartha eile, i gcás ina bhfuil sí ar fáil.
3. Chun críoch na tuarascála tosaigh, úsáidfídh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis atá ar fáil di.
4. I gcás ina measann an Ghníomhaireacht gur gá déanamh amhlaidh, iarrfaidh sí ar na pointí fócasacha náisiúnta faisnéis bhreise a sholáthar ar an tsubstaint shícighníomhach nua. Soláthróidh na pointí fócasacha náisiúnta an fhaisnéis sin laistigh de 2 sheachtain tar éis dóibh an iarraidh a fháil.
5. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, gan moill mhíchuí, tar éis tús a bheith curtha le tarraingt suas na tuarascála tosaigh de bhun na chéad mhíre, faisnéis a iarraidh ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach i dtaobh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tsubstaint, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, ina substaint ghníomhach i gceann amháin díobh seo a leanas:
- (a) táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta a bhfuil údarú margaíochta faighte aige i gcomhréir le Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ nó Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷;
 - (b) táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta atá ina ábhar d'iarratas ar údarú margaíochta;

¹⁵ Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

¹⁶ Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí míochaine tréidliachta (IO L 311, 28.11.2001, lch. 1).

¹⁷ Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

- (c) táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta a bhfuil a údarú margaíochta curtha ar fionraí ag an údarás inniúil;
- (d) táirge neamhúdaraíthe íocshláinte lena úsáid ag an duine i gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus (2) de Threoir 2001/83/CE nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta arna ullmhú ar an toirt ag duine ar tugadh údarú dó déanamh amhlaidh faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (c), de Threoir 2001/82/CE;
- (e) táirge íocshláinte imscrúdaitheach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (d), de Threoir 2001/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸.

I gcás ina mbaineann an fhaisnéis le húdaruithe margaíochta arna ndeonú ag na Ballstáit, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an fhaisnéis sin ar fáil don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach arna iarraidh sin di.

6. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, gan moill mhíchuí, tar éis tús a chur le tarraingt suas na tuarascála tosaigh de bhun na chéad mhíre, faisnéis a iarraidh ar Europol maidir le rannpháirtíocht grúpaí coiriúla i monarú, i ndáileadh agus i modhanna dáilte na substainte sícighníomhaí nua, agus maidir le gáinneáil uirthi, agus maidir le haon úsáid a bhaintear as an tsubstaint shícighníomhach nua.
7. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, gan moill mhíchuí, tar éis tús a chur le tarraingt suas na tuarascála tosaigh de bhun na chéad mhíre, a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, ar an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an fhaisnéis agus na sonraí atá ar fáil dóibh maidir leis an tsubstaint shícighníomhach nua a sholáthar.
8. Is le socruithe oibre a rialófar sonraí an chomhair idir an Ghníomhaireacht agus gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais dá dtagraítear i míreanna 5, 6 agus 7. Tabharfar na socruithe oibre sin i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 53(2).
9. Urramóidh an Ghníomhaireacht na coinníollacha maidir le húsáid na faisnéise, ar coinníollacha iad a chuirfear in iúl don Ghníomhaireacht, lena n-áirítear coinníollacha maidir le rochtain ar dhoiciméid, maidir le slándáil faisnéise agus sonraí, agus maidir le cosaint sonraí rúnda, lena n-áirítear sonraí íogaire agus faisnéis rúnda ghnó de chuid tríú páirtithe.
10. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil tosaigh faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát laistigh de chúig seachtaine ó na hiarrataí ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5, i mír 6 agus i mír 7 a dhéanamh.
11. I gcás ina mbailíonn an Ghníomhaireacht faisnéis maidir le roinnt substaintí sícighníomhacha nua a measann sé go bhfuil struchtúr ceimiceach comhchosúil acu, cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát tuarascálacha tosaigh aonair, nó tuarascálacha comhcheangailte tosaigh ina mbeidh trácht ar roinnt substaintí sícighníomhacha nua, ar choinníoll go mbeidh saintréithe gach substainte sícighníomhaí nua sainaitheanta go soiléir, agus déanfaidh sé amhlaidh laistigh de 6 seachtaine ó na hiarrataí ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5, i mír 6 agus i mír 7 a dhéanamh.

¹⁸ Treoir 2001/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát maidir le dea-chleachtas cliniciúil a chur chun feidhme i stiúradh trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 121, 1.5.2001, lch. 34).

Airteagal 10

An nós imeachta um measúnú riosca agus an tuarascáil ar an measúnú riosca

1. Laistigh de 2 sheachtain ó thuarascáil tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 9(10) a fháil, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an nGníomhaireacht measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an tsubstaint shícighníomhach nua agus tuarascáil ar an measúnú riosca a tharraingt suas ina leith, i gcás ina léirítear sa tuarascáil tosaigh creidiúintí go bhféadfaidh rioscaí tromchúiseacha don tsláinte phoiblí agus, i gcás inarb infheidhme, rioscaí tromchúiseacha sóisialta, a bheith ag gabháil leis an tsubstaint sin. Is é an Coiste Eolaíochta a dhéanfaidh an measúnú riosca.
2. Laistigh de 2 sheachtain ó thuarascáil chomhcheangailte tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 9(11) a fháil, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le roinnt substaintí sícighníomhacha nua a bhfuil struchtúr ceimiceach comhchosúil acu agus tuarascáil ar an measúnú comhcheangailte riosca a tharraingt suas ina leith, i gcás ina léirítear sa tuarascáil chomhcheangailte tosaigh go bhféadfaidh rioscaí tromchúiseacha don tsláinte phoiblí agus, i gcás inarb infheidhme, rioscaí tromchúiseacha sóisialta, a bheith ag gabháil leis na substaintí sin. Is é an Coiste Eolaíochta a dhéanfaidh an measúnú comhcheangailte riosca.
3. Beidh an méid seo a leanas sa tuarascáil ar an measúnú riosca nó sa tuarascáil ar an measúnú comhcheangailte riosca:
 - (a) an fhaisnéis atá ar fáil maidir le hairíonna ceimiceacha agus fisiceacha na substainte sícighníomhaí nua agus leis na modhanna agus leis na réamhtheachtaithe a úsáidtear lena monarú nó lena heastóscadh;
 - (b) an fhaisnéis atá ar fáil maidir le hairíonna cógaseolaíocha agus tocsaineolaíocha na substainte sícighníomhaí nua;
 - (c) anailís ar na rioscaí sláinte a bhaineann leis an tsubstaint shícighníomhach nua, go háirithe maidir lena géarthocsaineacht agus lena tocsaineacht ainsealach, leis an dóchúlacht go mbainfear mí-úsáid aisti, leis an bhféidearthacht go n-éireoidh duine spleách uirthi, agus leis na héifeachtaí féideartha fisiceacha, meabhracha agus iompraíochta atá aici;
 - (d) anailís ar na rioscaí sóisialta a ghabhann leis an tsubstaint shícighníomhach nua — go háirithe a tionchar ar fheidhmiú sóisialta, ar an ord poiblí agus ar ghníomhaíochtaí coiriúla, agus rannpháirtíocht grúpaí coiriúla i monarú, i ndáileadh agus i modhanna dáilte, agus i ngáinneáil na substainte sícighníomhaí nua;
 - (e) an fhaisnéis atá ar fáil maidir le méid agus patrúin úsáide na substainte sícighníomhaí nua, leis an bhfáil atá uirthi agus leis an bhféidearthacht go scaipfear í laistigh den Aontas;
 - (f) an fhaisnéis atá ar fáil maidir le húsáid tráchtála agus thionsclaíoch na substainte sícighníomhaí nua, le méid na húsáide sin, agus le húsáid na substainte ar mhaithe le taighde eolaíoch agus forbairt eolaíoch.
 - (g) faisnéis ábhartha eile, i gcás ina bhfuil sí ar fáil.
4. Déanfaidh an Coiste Eolaíochta measúnú ar na rioscaí a ghabhann leis an tsubstaint shícighníomhach nua nó leis an ngrúpa substaintí sícighníomhacha nua.

Beidh sé de cheart ag an gCoimisiún, ag an nGníomhaireacht, ag Europol agus ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach 2 bhreathnóir an ceann a cheapadh.

5. Déanfaidh an Coiste Eolaíochta an measúnú riosca ar bhonn na faisnéise atá ar fáil agus ar bhonn aon fhianaise eolaíoch ábhartha eile. Cuirfidh sé tuairimí uile chomhaltaí a choiste san áireamh. Eagróidh an Gníomhaireacht an nós imeachta um mheasúnú riosca, lena n-áirítear sainaitheint na riachtanas faisnéise a bheidh ann amach anseo mar aon le staidéar ábhartha.
6. Cuirfidh an Gníomhaireacht an tuarascáil ar an measúnú riosca nó an tuarascáil ar an measúnú comhcheangailte riosca faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát laistigh de 6 seachtaine ón iarraidh a fháil ón gCoimisiún tuarascáil ar an measúnú riosca a tharraingt suas.
7. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón nGníomhaireacht a fháil dó, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse ar lena linn atá an measúnú riosca nó an measúnú comhcheangailte riosca le críochnú ar mhaithe le taighde breise agus bailiú sonraí breise a cheadú. Beidh faisnéis maidir leis an tréimhse ama a theastaíonn chun an measúnú riosca nó an measúnú comhcheangailte riosca a chríochnú san iarraidh sin.
8. Ina theannta sin, soláthróidh an Gníomhaireacht mear-mheasúnuithe riosca tráthúla, i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE).../... maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE, i gcás bagairt dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(1) den Rialachán sin, más rud é go dtagann an bhagairt sin faoi shainordú na Gníomhaireachta.

Airteagal 11

Eisiamh ón measúnú riosca

1. Ní dhéanfar aon mheasúnú riosca sa chás go bhfuil céim i bhfad amach sroichte sa mheasúnú ar an tsubstaint shícighníomhach nua laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe, eadhon a luaith a bheidh Coiste Saineolaithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar Spleáchas ar Dhrugaí tar éis a athbhreithniú criticiúil, mar aon le moladh i scríbhinn, a fhoilsiú, ach amháin sa chás go bhfuil sonraí leordhóthanacha agus faisnéis leordhóthanach ann chun a thabhairt le tuiscint go bhfuil gá le tuarascáil ar an measúnú riosca ar leibhéal an Aontais, a luafar na cúiseanna atá léi sa tuarascáil tosaigh.
2. Ní dhéanfar aon mheasúnú riosca i gcás inarb amhlaidh, tar éis measúnú laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe, gur cinneadh gan an tsubstaint shícighníomhach nua a sceidealú ach amháin sa chás go bhfuil sonraí leordhóthanacha agus faisnéis leordhóthanach ann chun a thabhairt le tuiscint go bhfuil gá le tuarascáil ar an measúnú riosca ar leibhéal an Aontais, a luafar na cúiseanna atá léi sa tuarascáil tosaigh.
3. Ní dhéanfar aon mheasúnú riosca sa chás go bhfuil an tsubstaint shícighníomhach nua ina substaint ghníomhach i gceann amháin de na nithe seo a leanas:
 - (a) táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta a bhfuil údarú margaíochta faighte aige i gcomhréir le Treoir 2001/83/CE, Treoir 2001/82/CE nó Rialachán (CE) Uimh. 726/2004;
 - (b) táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta atá ina ábhar d'iarratas ar údarú margaíochta;

- (c) táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta a bhfuil a údarú margaíochta curtha ar fionraí ag an údarás inniúil;
- (d) táirge íocshláinte imscrúdaitheach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (d), de Threoir 2001/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Airteagal 12

Measúnú ar bhagairt agus ullmhacht

1. Forbróidh an Ghníomhaireacht cumas straitéiseach ginearálta maidir le measúnú ar bhagairt chun forbairtí nua ar fheiniméan na ndrugaí a shainaithint go luath, ar forbairtí iad a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar shlándáil an phobail agus, tríd an méid sin a dhéanamh, chun cuidiú le hullmhacht na bpáirtithe leasmhara ábhartha freagairt do bhagairtí nua ar bhealach tráthúil éifeachtach.
2. Leagfaidh an Ghníomhaireacht amach sraith critéar chun meastóireacht a dhéanamh maidir le cathain is ceart measúnú ar bhagairtí a dhéanamh.
Féadfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar bhagairt a thionscnamh aisti féin ar bhonn measúnú inmheánach ar chomharthaí a eascraíonn as gnáthfhaireachán, as taighde nó as foinsí iomchuí eile faisnéise. Féadfar measúnú ar bhagairt a thionscnamh freisin arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát, má chomhlíontar na critéir a shainítear.
3. Is é a bheidh i gceist le measúnú ar bhagairt, meastóireacht ghasta ar an bhfaisnéis atá ann cheana agus, nuair is gá, faisnéis nua a bhailiú trí líonraí faisnéise na Gníomhaireachta. Forbróidh an Ghníomhaireacht modhanna iomchuí um mheasúnaithe eolaíocha.
4. Sa tuarascáil ar an measúnú ar bhagairt, tabharfar tuairisc ar an mbagairt arna sainaithint, ar an staid reatha bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, ar na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás nach ndéanfar aon ghníomhaíocht, agus leagfar amach inti roghanna le haghaidh ullmhachta agus freagartha a d'fhéadfaí a ghlacadh chun an bhagairt arna sainaithint a mhaolú. D'fhéadfadh bearta leantacha a d'fhéadfaí a ghlacadh a bheith san áireamh ann freisin. Cuirfear an tuarascáil ar an measúnú ar bhagairt chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit, de réir mar is iomchuí.
5. Agus í ag déanamh measúnú ar bhagairt, comhoibreoidh an Ghníomhaireacht go dlúth le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí dílártaí eile de chuid an Aontais, le heagraíochtaí de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, trí pháirt a thabhairt dóibh sa mheasúnú de réir mar is iomchuí. I gcás ina bhfuil an bhagairt fhéideartha faoi réir anailíse faoi shásra eile de chuid an Aontais cheana féin, ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar bhagairt.
6. Le comhaontú ón gCoimisiún, déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnuithe ar bhagairtí a bhaineann le drugaí a eascraíonn as áiteanna lasmuigh den Aontas, ar bhagairtí iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an tsláinte phoiblí, ar an tsábháilteacht agus ar an tslándáil laistigh den Aontas.

Airteagal 13

An córas Eorpach um fholáireamh drugaí

1. Bunóidh agus bainisteoidh an Ghníomhaireacht córas mear Eorpach um fholáireamh drugaí.
2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Ghníomhaireacht faoi aon fhaisnéis maidir le riosca tromchúiseach díreach nó indíreach atá tagtha chun cinn i ndáil le drugaí ar riosca é do shláinte, do shábháilteacht nó do shlándáil an duine chomh maith le haon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun freagra a chomhordú aon uair a fhaigheann siad amach faoin bhfaisnéis sin, amhail:
 - (a) cineál agus foinse an riosca;
 - (b) dáta agus áit an teagmhais lena mbaineann an riosca;
 - (c) na modhanna nochta, tarchurtha nó scaipthe;
 - (d) sonraí anailíseacha agus tocsaineolaíocha;
 - (e) modhanna sainaitheantais;
 - (f) rioscaí sláinte poiblí;
 - (g) bearta sláinte poiblí a cuireadh chun feidhme nó a bhfuil sé beartaithe iad a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta;
 - (h) bearta seachas bearta sláinte poiblí;
 - (i) aon fhaisnéis eile is ábhartha maidir leis an riosca tromchúiseach don tsláinte i dtrácht.
3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht anailís agus measúnú ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí atá ar fáil maidir le rioscaí tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus comhlánóidh sí an fhaisnéis sin le haon fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ón gcóras luathrabhaidh dá dtagraítear in Airteagal 8 agus le measúnuithe eile ar bhagairtí a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 12, ó ghníomhaireachtaí agus ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Cuirfidh an Ghníomhaireacht san áireamh an fhaisnéis a gheofar trína cuid uirlisí bailithe sonraí agus ó fhaisnéis foinse oscailte.
4. Ar bhonn na faisnéise a gheofar de bhun mhír 3, déanfaidh an Ghníomhaireacht fógraí mear-fholáirimh spriocdhírithe faoi riosca nó fógraí faisnéise straitéisí, nó an dá rud, a sholáthar do na húdaráis náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear na lárionaid náisiúnta. Féadfaidh teachtaireachtaí riosca nó fógraí faisnéise straitéisí den sórt sin roghanna freagartha a mholadh, ar roghanna iad a bhféadfaidh na Ballstáit iad a mheas mar chuid dá bpleanáil ullmhachta agus dá ngníomhaíochtaí freagartha náisiúnta.
5. Cuirfidh na Ballstáit an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi aon fhaisnéis bhreise atá ar fáil dóibh chun anailís agus measúnú breise a dhéanamh ar an riosca agus ar na bearta a cuireadh chun feidhme nó ar na bearta a rinneadh tar éis na fógraí agus an fhaisnéis a tarchuireadh faoin gcóras Eorpach um fholáirimh drugaí a fháil.
6. Comhoibreoidh an Ghníomhaireacht go dlúth leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun an comhleanúnachas is gá a chur chun cinn sa phróiseas cumarsáide maidir le rioscaí.
7. Féadfaidh an Ghníomhaireacht rannpháirtíocht sa chóras Eorpach um fholáireamh drugaí a oscailt do thríú tíortha nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta. Beidh an

rannpháirtíocht sin bunaithe ar chómhálartacht agus cuimseoidh sí bearta rúndachta a bheidh coibhéiseach leis na bearta is infheidhme sa Ghníomhaireacht.

8. Féadfaidh an Ghníomhaireacht córas foláirimh a fhorbairt trínar féidir léi dul i dteagmháil go díreach le daoine a úsáideann drugaí nó a d'fhéadfadh drugaí a úsáid agus aghaidh a thabhairt orthu.

Airteagal 14

Réamhtheachtaithe drugaí

1. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún ó thaobh faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le gáinneáil ar réamhtheachtaithe drugaí agus lena n-atreorú, agus ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hathrú a dhéanamh ar an gcatagóir de shubstaintí sceidealaithe agus neamhsceidealaithe atá liostaithe, sin nó cur leis nó baint de, i ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, lena n-áirítear maidir lena n-úsáidí dleathacha agus aindleathacha a shainaithint agus a mheasúnú.
2. Ullmhóidh an Ghníomhaireacht, aisti féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún, tuarascáil ar mheasúnú ar bhagairt i ndáil le réamhtheachtaithe drugaí.

Airteagal 15

Líonra de shaotharlanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha

1. Bunóidh agus bainistoidh an Ghníomhaireacht líonra de shaotharlanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha atá gníomhach go háirithe in imscrúduithe fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha ar dhruaí agus ar na cineálacha díobhála a bhaineann le drugaí.
2. Feidhmeoidh an líonra go príomha mar fhóram chun malartú sonraí agus faisnéise a ghiniúint maidir le forbairtí agus treochtaí nua, oiliúint a eagrú chun inniúlacht na saineolaithe drugaí fóiréinseacha a fheabhsú, tacú le cur chun feidhme na scéimeanna dearbhaithe cáilíochta agus tacú le comhchuibhiú breise a dhéanamh ar mhodhanna bailithe sonraí agus ar mhodhanna anailíseacha.
3. Beidh sé de cheart ag gach Ballstát, trína ionadaí ar an mBord Bainistíochta, dhá shaotharlann a cheapadh, ceann acu a bhfuil speisialtóireacht aici ar anailís fhóiréinseach agus ceann eile a bhfuil speisialtóireacht aici ar an tocsaineolaíocht, mar shaotharlanna ionadaíocha náisiúnta ar an líonra. Saotharlanna nó saineolaithe breise atá gníomhach go háirithe sna himscrúduithe fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha ar dhruaí agus ar na cineálacha díobhála a bhaineann le drugaí, féadfaidh an Ghníomhaireacht na saotharlanna sin a roghnú le haghaidh tionscadail ar leith.
4. Beidh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin ina chomhalta den líonra agus beidh sé ina ionadaí don Choimisiún sa líonra.
5. Comhoibreoidh an líonra go dlúth leis na líonraí agus leis na heagraíochtaí atá ann cheana féin agus atá gníomhach sa réimse seo. Cuirfear an líonra dá dtagraítear in Airteagal 31 ar an eolas go rialta maidir le hobair an líonra de shaotharlanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha.
6. Is í an Ghníomhaireacht a bheidh ina cathaoirleach ar an líonra agus tionólfaidh sí cruinniú amháin ar a laghad in aghaidh na bliana. Féadfaidh an líonra a chinneadh

meithleacha a chruthú ar a bhféadfaidh comhaltaí den líonra cathaoirleacht a dhéanamh.

7. Is rud é an líonra a chuirfidh ar a cumas don Ghníomhaireacht rochtain a fháil ar shaotharlanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha, lena n-áirítear chun anailís a dhéanamh ar shubstaintí sícighníomhacha nua nuair is gá sin.
8. Déanfaidh an Ghníomhaireacht tionscadail shonracha a shainiú agus a mhaoiniú chun an líonra a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí agus ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta soiléire agus trédhearcacha a shaineoidh an Ghníomhaireacht roimh ré.
9. Cruthóidh an Ghníomhaireacht bunachar sonraí chun an fhaisnéis agus na sonraí arna mbailiú nó arna nginiúint ag an líonra a stóráil, a anailísiú agus a chur ar fáil.

CAIBIDIL IV

FORBAIRT INNIÚLACHTAÍ

Airteagal 16

Feachtas um chosc

1. Dearfaidh an Ghníomhaireacht cláir agus feachtais ar fud an Aontais chun fadhbanna a bhaineann le drugaí a chosc agus chun feasacht a mhúscailt faoi éifeachtaí díobhálacha drugaí, agus déanfaidh sí na cláir agus na feachtais sin a fhorbairt agus a chur chun cinn freisin.
2. Beidh na cláir agus na feachtais dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na treoshuíomhanna polaitiúla a leagtar amach i Straitéis agus Plean Gníomhaíochta drugaí an Aontais is infheidhme. Leis na cláir agus na feachtais sin, tabharfar aghaidh ar ghnéithe tábhachtacha d'fheiniméan na ndrugaí, díreofar ar ghrúpaí sonracha agus gheofar a n-eolas trí fhianaise agus dea-chleachtas atá bailithe ag an nGníomhaireacht.
3. Caighdeáin cháilíochta chun drugaí a chosc, deanfaidh an Ghníomhaireacht na caighdeáin sin a fhorbairt agus tacóidh sé lena gcur chun feidhme, agus déanfaidh sé oiliúint a sholáthar de bhun Airteagal 19, sin nó tacóidh sé léi.
4. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh do na Ballstáit feachtais náisiúnta um chosc a fhorbairt i réimse a sainordaithe, lena n-áirítear cláir um chosc a fhorbairt arb é is aidhm dóibh coiriúlacht a bhaineann le drugaí a laghdú agus dúshaothrú daoine leochaileacha laistigh den mhargadh drugaí a chosc.

Airteagal 17

Creidiúnú agus deimhniú na gclár náisiúnta

1. Arna iarraidh sin d'údarás náisiúnta de chuid tír rannpháirteach nó do chomhlacht gairmiúil ábhartha, i gcásanna nach bhfuil aon chomhlacht creidiúnaithe ná deimhniúcháin comhchosúil ag an tír rannpháirteach, soláthróidh an Ghníomhaireacht creidiúnú agus deimhniú le haghaidh cláir náisiúnta i gcomhréir leis an bprótacal oibríochta caighdeánach dá bhforáiltear i mír 3.
2. Sula dtabharfaidh sí creidiúnú nó deimhniú do chlár náisiúnta, déanfaidh an Ghníomhaireacht meastóireacht ar an gclár agus déanfaidh sí measúnú lena fháil

amach an gcomhlíonann sé an staid eolaíoch is déanaí agus an bhfuil cruthúnas ann go bhfuil sé úsáideach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí dearbhaithe atá aici.

3. Forbróidh an Ghníomhaireacht nós imeachta creidiúnaithe agus deimhniúcháin a leagfaidh an Ghníomhaireacht amach ar bhealach trédhearcach i bprótacal oibríochta caighdeánach. Formheasfaidh Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta an prótacal oibríochta caighdeánach agus aon athrú air roimh a chur i bhfeidhm.

Sa phrótacal oibríochta caighdeánach dá dtagraítear i bhfomhír 1, beidh an méid seo a leanas ar a laghad ann:

- (a) coinníollacha sonracha a bhaineann le hinniúlacht agus le hacmhainní na Gníomhaireachta an nós imeachta creidiúnaithe nó deimhniúcháin a dhéanamh;
- (b) na critéir ar dá réir a dhéanfar measúnú ar an gclár náisiúnta i bhfianaise an chreidiúnaithe nó an deimhniúcháin agus lena bhféadfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 a fhíorú; sna cláir atá faoi réir creidiúnaithe nó deimhniúcháin beidh, ar a laghad, cosc, cóireáil, laghdú dochair, agus ábhair ghaolmhara eile;
- (c) mionsonraí an phróisis creidiúnaithe nó deimhniúcháin a rinne an Ghníomhaireacht, lena n-áirítear ainmniú na doiciméadachta atá le soláthar agus an creat ama don nós imeachta;
- (d) na coinníollacha faoina ndéanfar an creidiúnú nó an deimhniúchán a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar;
- (e) na nósanna imeachta chun achomhairc a réiteach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, leigheasanna dlíthiúla i gcoinne cinntí creidiúnaithe nó i gcoinne easpa cinntí creidiúnaithe.

Airteagal 18

Tacaíocht do na Ballstáit

1. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Ghníomhaireacht tacú le meastóireacht neamhspleách ar a bheartais maidir le drugaí agus le beartais fianaise-bhunaithe maidir le drugaí a fhorbairt i gcomhréir leis na straitéisí is infheidhme de chuid an Aontais.
2. Tacóidh an Ghníomhaireacht leis na Ballstáit a straitéisí náisiúnta maidir le drugaí, a gcaighdeáin cháilíochta agus a ndea-chleachtais nuálacha a chur chun feidhme agus éascóidh sí malartuithe faisnéise idir cinneadóirí náisiúnta.
3. Trí thacú le meastóireacht ar bheartais, gníomhóidh an Ghníomhaireacht go neamhspleách agus beidh a caighdeáin eolaíocha ina dtreoir di.

Airteagal 19

Oiliúint

Laistigh de raon feidhme a sainordaithe agus i gcomhréir leis na hacmhainní foirne agus buiséadacha atá ar fáil di agus i gcomhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí díláraithe eile de chuid an Aontais, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) oiliúint speisialaithe agus curaclaim speisialaithe a chur ar fáil i réimsí a bhaineann le leas an Aontais agus i réimsí ábhartha;

- (b) uirlisí agus córais tacaíochta a bhaineann le hoiliúint a chur ar fáil chun malartú eolais ar fud an Aontais a éascú;
- (c) cúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun tionscnaimh oiliúna agus tionscnaimh fothaithe acmhainneachta a eagrú.

Airteagal 20

Comhar idirnáisiúnta agus cúnamh teicniúil

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:
 - (a) creat um chomhar idirnáisiúnta a fhorbairt, rud a bheidh le formheas ag an mBord Bainistíochta faoi réir formheas roimh ré ón gCoimisiún, agus treoróidh an Coimisiún gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i réimse an chomhair idirnáisiúnta;
 - (b) oibriú go gníomhach i gcomhar leis na heagraíochtaí agus na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 53;
 - (c) tacú le malartú agus scaipeadh dhea-chleachtais an Aontais agus le malartú agus scaipeadh torthaí taighde is féidir a chur chun feidhme ar an leibhéal idirnáisiúnta;
 - (d) faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ar fheiniméan idirnáisiúnta na ndrugaí a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt don Aontas nó a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu don Aontas trí faireachán agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar fáil ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, ó údaráis náisiúnta, ó thorthaí taighde agus ó fhoinsí ábhartha eile faisnéise;
 - (e) sonraí agus anailís ar staid na ndrugaí san Eoraip a sholáthar i gcruinnithe idirnáisiúnta iomchuí agus i bhfóraim theicniúla iomchuí, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus tacú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit san idirphlé idirnáisiúnta maidir le drugaí;
 - (f) é a chur chun cinn go n-ionchorprófar sonraí maidir le drugaí agus andúil i ndrugaí arna mbailiú sna Ballstáit nó a thagann as an Aontas i gcláir faireacháin idirnáisiúnta agus i gcláir rialaithe drugaí, go háirithe na cláir sin a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe agus a sainghníomhaireachtaí, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir le faisnéis a tharchur faoi fhorálacha Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le Drugaí;
 - (g) tacú leis na Ballstáit le tuairisciú na faisnéise ábhartha agus le soláthar na hanailíse is gá do chóras na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear na sonraí ábhartha uile a bhaineann le substaint shíceighníomhach nua a chur faoi bhráid Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta agus faoi bhráid na hEagraíochta Domhanda Sláinte;
 - (h) tacú le tríú tíortha a mbeartais maidir le drugaí a fhorbairt i gcomhréir le prionsabail straitéisí an Aontais maidir le drugaí, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt chun meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar a gcuid beartas.
2. Leis an gcreat comhair idirnáisiúnta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, cuirfear san áireamh doiciméid bheartais ábhartha an Aontais agus breathnófar ar fhorbairtí fheiniméan na ndrugaí, go háirithe bealaí gáinneála agus limistéir táirgthe drugaí. Leagfar amach ann na tíortha tosaíochta nó na réigiúin tosaíochta maidir le comhar

agus príomhthorthaí an chomhair freisin. Déanfaidh an Ghníomhaireacht meastóireacht agus athbhreithniú rialta ar an gcreat um chomhar idirnáisiúnta.

3. Arna iarraidh sin don Choimisiún agus le formheas ón mBord Bainistíochta, aistreoidh an Ghníomhaireacht a fios gnó chuig tríú tíortha agus soláthróidh sí cúnamh teicniúil do thríú tíortha freisin.

Díreoidh an cúnamh teicniúil go háirithe ar bhunú nó ar chomhdhlúthú pointí fócasacha náisiúnta, córas bailithe sonraí náisiúnta agus ar córas luathrabhaidh náisiúnta, agus ina dhiaidh sin cabhróidh sé le naisc struchtúracha leis an gcóras luathrabhaidh dá dtagraítear in Airteagal 8 agus leis an líonra dá dtagraítear in Airteagal 31 a chruthú agus a neartú. Má iarrann an tríú tír amhlaidh, féadfaidh an Ghníomhaireacht deimhniú a chur ar fáil do na comhlachtaí náisiúnta sin.

4. Déanfar comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 53 agus 54.

Airteagal 21

Taighde agus nuálaíocht

1. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit chun téamaí taighde tábhachtacha a shainaithint, agus cláir réime an Aontais um ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a tharraingt suas agus a chur chun feidhme, ar cláir iad atá ábhartha chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 a bhaint amach. I gcás ina dtabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún chun príomhthéamaí taighde a shainaithint, agus chun clár réime de chuid an Aontais a tharraingt suas agus a chur chun feidhme, ní bhfaighidh an Ghníomhaireacht maoiniú ón gelár sin.
2. Beidh an Ghníomhaireacht gníomhach ó thaobh faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta chun an cúram ginearálta a leagtar amach in Airteagal 4 a chomhlíonadh, agus cuirfidh sí leis na gníomhaíochtaí sin freisin, agus ina theannta sin tacóidh sí le gníomhaíochtaí gaolmhara de chuid na mBallstát agus cuirfidh sí chun cinn a gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a gcumhdaítear sa Rialachán seo lena n-áirítear forbairt, oiliúint, tástáil agus bailíochtú algartam chun uirlisí a fhorbairt. Déanfaidh an Ghníomhaireacht torthaí an taighde sin a scaipeadh ar Pharlaimint na hEorpa, ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 49.
3. Cuideoidh an Ghníomhaireacht le gníomhaíochtaí Mhol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tSlándáil Inmheánach, nó le haon ionstraim a chuirfí ina ionad, agus glacfaidh sí páirt sna gníomhaíochtaí sin, faoi chuimsiú thimthriall an taighde agus na nuálaíochta.
4. Féadfaidh an Ghníomhaireacht treoirhionscadail a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo a phleanáil agus a chur chun feidhme.
5. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faisnéis maidir lena tionscadail taighde a chur ar fáil don phobal, faisnéis lena n-áirítear tionscadail taispeána, na comhpháirtithe comhair atá bainteach leis agus buiséad an tionscadail.
6. Cruthóidh an Ghníomhaireacht bunachar sonraí ina ndéanfar cláir thaighde a bhaineann le drugaí a stóráil, a anailísiú agus a chur ar fáil.

CAIBIDIL V
EAGRÚ NA GNÍOMHAIREACHTA

Airteagal 22

Struchtúr riaracháin agus bainistíochta

Is mar seo a leanas a bheidh struchtúr riaracháin agus bainistíochta na Gníomhaireachta:

- (a) Bord Bainistíochta a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 24;
- (b) Bord Feidhmiúcháin a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 28;
- (c) Stiúrthóir Feidhmiúcháin a fheidhmeoidh na freagrachtaí a leagtar amach in Airteagal 29;
- (d) Coiste Eolaíoch a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 30;
- (e) Líonra Faisnéise Eorpach maidir le Drugaí agus Andúil i nDrugaí (Reitox) i gcomhréir le hAirteagal 31.

Airteagal 23

Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta

- 1. Ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún a bheidh ar an mBord Bainistíochta agus beidh ceart vótála acu uile.
- 2. Sa Bhord Bainistíochta, beidh:
 - (a) saineolaí neamhspleách amháin atá thar a bheith eolach i réimse na ndrugaí arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, agus a bhfuil ceart vótála aige;
 - (b) ionadaí amháin ó gach tríú tír a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích aici leis an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 54, gan ceart vótála aige.
- 3. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an comhalta malartach ionadaíocht don chomhalta agus an comhalta sin as láthair.
- 4. I dtaca le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus a gcomhaltaí malartacha, ceapfar iad i bhfianaise a gcuid eolais sa réimse drugaí agus andúile i ndrugaí, agus na scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha atá acu á gcur san áireamh. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athraithe a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an Bhoird Bainistíochta a áirithiú. Díreoidh na páirtithe uile ar ionadaíocht chothrom idir mná agus fir a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta.
- 5. Féadfaidh an Bord Bainistíochta cuireadh a thabhairt, mar bhreathnóirí, d'ionadaithe eagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-oibríonn an Ghníomhaireacht i gcomhar leo i gcomhréir le hAirteagal 53.
- 6. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Féadfaidh an téarma sin a bheith in-athnuaite.

Airteagal 24

Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta:

- (a) gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a threorú go ginearálta;
- (b) dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 25 a ghlacadh sula gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin é chun a thuairim a fháil ina leith;
- (c) tar éis tuairim an Choimisiúin a iarraidh, dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair na Gníomhaireachta a ghlacadh, le tromlach dhá thrían de na comhaltaí atá i dteideal vóta a chaitheamh i gcomhréir le hAirteagal 23.
- (d) buiséad bliantúil na Gníomhaireachta a ghlacadh, le tromlach dhá thrían de na comhaltaí atá i dteideal vótála, agus feidhmeanna eile a fheidhmiú i leith bhuiséad na Gníomhaireachta de bhun Chaibidil VI;
- (e) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a mheasúnú agus a ghlacadh, le tromlach dhá thrían de na comhaltaí atá i dteideal vóta a chaitheamh, agus an tuarascáil agus an measúnú araon a sheoladh faoin 1 Iúil gach bliain, chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus an Chúirt Iniúchóirí. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí ar fáil don phobal;
- (f) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 41;
- (g) straitéis frithchalaoise a ghlacadh, a bheidh comhréireach leis na rioscaí calaoise, agus costais agus sochair na mbeart atá le cur chun feidhme á gcur san áireamh;
- (h) straitéis a ghlacadh chun gnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a bhaint amach le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí díláraithe eile de chuid an Aontais;
- (i) rialacha a ghlacadh chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i ndáil lena chomhaltaí chomh maith le comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin, an Choiste Eolaíoch agus an Líonra Faisnéise Eorpaigh maidir le Drugaí agus Andúil i nDrugáí (Reitox), chomh maith le saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile nach bhfuil fostaithe ag an Údarás amhail dá dtagraítear in Airteagal 44, agus foilseoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhuithe leasanna chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta;
- (j) an prótacal oibríochta caighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 17(3) a ghlacadh;
- (k) creat idirnáisiúnta um chomhar de chuid na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus na cláir um chúnamh teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 20(3) a ghlacadh;
- (l) an leibhéal cómhaoiniúcháin íosta dá dtagraítear in Airteagal 32(7) a fhormheas;
- (m) na pleananna maidir le cumarsáid agus scaipeadh dá dtagraítear in Airteagal 5(8) a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta, bunaithe ar anailís ar na riachtanais;
- (n) a rialacha nós imeachta a ghlacadh;

- (o) a fheidhmiú, i ndáil le foireann na Gníomhaireachta agus i gcomhréir le mír 2, na cumhachtaí a thugtar le Rialacháin Foirne na nOifigeach don Údarás Ceapacháin agus leis na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile don Údarás atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt i gCrích¹⁹ ('cumhachtaí an údaráis ceapacháin');
- (p) i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;
- (q) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus, i gcás inarb ábhartha, cinneadh a dhéanamh maidir le síneadh a chur leis an téarma oifige nó cinneadh maidir le cur as oifig i gcomhréir le hAirteagal 43;
- (r) Oifigeach Cuntasaíochta a cheapadh faoi réir na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta seirbhíseach eile a bheidh go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid dualgas;
- (s) comhaltaí an Choiste Eolaíoch a cheapadh;
- (t) an liosta saineolaithe a bheidh le húsáid chun an Coiste Eolaíoch a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 10(4) a fhormheas;
- (u) é a áirithiú go ndéanfar obair leantach leordhóthanach ar thorthaí agus ar mholtaí a thiocfaidh as na tuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus as imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) arna bunú le Cinneadh 1999/352/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún²⁰ agus ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) arna bunú le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle²¹, dá dtagraítear in Airteagal 48;
- (v) gach cinneadh a dhéanamh maidir le bunú struchtúir inmheánacha na Gníomhaireachta agus maidir le modhnú na struchtúr sin, más gá, agus riachtanais ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta á gcur san áireamh agus ag féachaint do bhainistiú buiséadach fóna;
- (w) tabhairt i gcrích socruithe oibre a údarú i gcomhréir le hAirteagal 53;

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh ar bhonn Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar bhonn Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena sainítear na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

¹⁹ Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

²⁰ Cinneadh 1999/352/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún an 28 Aibreán 1999 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (IO L 136, 31.5.1999, lch. 20).

²¹ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

Nuair is gá sin mar gheall ar imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta, trí bhíthin cinnidh, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chomh maith leo siúd arna bhfo-tharmligean ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, a chur ar fionraí go sealadach, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Airteagal 25

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

1. Toghfaidh an Bord Bainistíochta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc a chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach le tromlach dhá thrían de chomhaltaí na mBord Bainistíochta a bhfuil ceart vótála acu.
2. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh, go huathoibríoch, i gcás ina gcuirfear bac air a chuid dualgas a chomhlíonadh.
3. Mairfidh tréimhse oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh 4 bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin. Mar sin féin, i gcás ina dtiocfaidh deireadh lena gcomhaltas ar an mBord Bainistíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.
4. Leagfar amach an nós imeachta mionsonraithe le haghaidh thoghadh an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh i rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta.

Airteagal 26

Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Cathaoirleach cruinnithe an Bhoird Bainistíochta a thionóil.
2. Glacfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta páirt sa phlé, ach ní bheidh ceart vótála aige.
3. Tionólfar ar a laghad gnáthchruinniú amháin de chuid an Bhoird Bainistíochta gach bliain. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún nó do thrían dá chomhaltaí ar a laghad.
4. Féadfaidh an Bord Bainistíochta a iarraidh ar aon duine ar díol spéise a thuairim freastal ar a chuid cruinnithe i gcáil breathnóra.
5. Faoi réir rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe a bheith de chúnamh ag comhaltaí an Bhoird Bainistíochta ag na cruinnithe.
6. Is í an Gníomhaireacht a chuirfidh an rúnaíocht ar fáil don Bhoird Bainistíochta.

Airteagal 27

Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta

1. Gan dochar d’Airteagal 24, pointí (c) agus (d), d’Airteagal 25(1), d’Airteagal 43(8), ná d’Airteagal 53(2), déanfar cinntí an Bhoird Bainistíochta le tromlach dá chomhaltaí uile a bhfuil ceart vótála acu.

2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta a bhfuil cearta vótála aige. In éagmais comhalta a bhfuil ceart vótála aige, beidh a chomhalta malartach i dteideal a cheart vótála a fheidhmiú.
3. Glacfaidh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach páirt sa vótáil.
4. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa vótáil.
5. Bunófar socruithe vótála níos sonraí le rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, go háirithe na cúinsí ina bhféadfadh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile.

Airteagal 28

An Bord Feidhmiúcháin

1. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an méid seo a leanas:
 - (a) cinneadh a dhéanamh maidir leis na hábhair sin dá bhforáiltear sna rialacha airgeadais arna nglacadh de bhun Airteagal 41 agus nach bhforchoimeádtar don Bhord Bainistíochta faoin Rialachán seo;
 - (b) obair leantach leordhóthanach a áirithiú maidir leis na torthaí agus na moltaí is toradh ar na tuarascálacha iniúchóireachta agus na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha éagsúla, agus ar imscrúduithe de chuid OLAF agus OIPE dá dtagraítear in Airteagal 48 freisin;
 - (c) gan dochar do fhreagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, mar a leagtar amach in Airteagal 29, faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme chinntí an Bhoird Bainistíochta, d'fhonn maoirseacht ar bhainistíocht riaracháin agus bhuiséadach a threisiú.
2. I gcás inar gá, mar thoradh ar phráinne, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí sealadacha áirithe a ghlacadh in ionad an Bhoird Bainistíochta, go háirithe faoi ábhair bainistithe riaracháin, lena n-áirítear tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin a chur ar fionraí agus ábhair bhuiséadacha.
3. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, beirt chomhaltaí eile arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta as measc a chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún ar an mBord Bainistíochta.
 Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin.
 Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcrúinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh ceart vótála aige. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí eile freastal ar a chuid cruinnithe.
4. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin. Tiocfaidh deireadh le tréimhse oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin nuair a thiocfaidh deireadh lena gcomhaltacht ar an mBord Bainistíochta.
5. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú de chuid an Bhoird Feidhmiúcháin gach bliain. Ina theannta sin, réachtálfadh sé cruinnithe ar thionscnamh an Chathaoirligh nó arna iarraidh sin dá chuid comhaltaí.

6. Is de chomhthoil a ghlacfaidh an Bord Feidhmiúcháin a chinneadh féin. Mura mbeidh an Bord Feidhmiúcháin in ann cinneadh a dhéanamh de chomhthoil, cuirfear an t-ábhar ar aghaidh chuig an mBord Bainistíochta.
7. Leagfaidh an Bord Bainistíochta síos rialacha nós imeachta an Bhoird Feidhmiúcháin, lena n-áirítear na rialacha vótála le haghaidh a chomhaltaí.

Airteagal 29

Freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin

1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheidh freagrach as bainistiú na Gníomhaireachta. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cuntasach don Bhord Bainistíochta.
2. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin, an Bhoird Bainistíochta, nó an Bhoird Feidhmiúcháin, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhspleách i bhfeidhmiú na ndualgas agus ní iarrfaidh sé nó ní thógfaidh sé teoracha ó aon rialtas ná aon chomhlacht eile.
3. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa maidir le feidhmiú a dhualgas nuair a iarrtar sin air. Féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt ar fheidhmiú a dhualgas.
4. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ina ionadaí dlíthiúil don Ghníomhaireacht.
5. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí a shanntar don Ghníomhaireacht dá dtagraítear in Airteagal 5. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas:
 - (a) riarachán laethúil na Gníomhaireachta;
 - (b) cinntí arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme;
 - (c) an doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 35 a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún;
 - (d) an doiciméad clársceidealaithe aonair a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir lena chur chun feidhme;
 - (e) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a ullmhú, í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena measúnú agus lena glacadh;
 - (f) leibhéal íosta an chómhaoinithe dá dtagraítear in Airteagal 32(7) a mholadh don Bhord Bainistíochta, má tá cómhaoiniú den sórt sin le deonú do na pointí fócasacha náisiúnta;
 - (g) méid na dtáillí a mholadh don Choimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 37;
 - (h) plean gníomhaíochta leantach a ullmhú i ndáil le conclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta agus na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha, mar aon le conclúidí imscrúduithe de chuid OLAF agus OIPE, dá dtagraítear in Airteagal 48, agus tuairisc a chur chuig an gCoimisiún dhá uair sa bhliain, agus chuig an mBord Bainistíochta agus an Bord Feidhmiúcháin ar bhonn rialta, maidir leis an dul chun cinn at déanta;

- (i) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile, gan dochar don inniúlacht imscrúdaitheach atá ag OLAF agus ag OIPE, trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, más rud é go mbraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach comhréireach athchomhairleach a chur i bhfeidhm;
 - (j) straitéisí frithchalaoise, gnóthachan éifeachtúlachta agus sineirgí a ullmhú don Údarás agus na straitéisí sin a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena bhformheas;
 - (k) dréachtrialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ullmhú;
 - (l) dréachtráiteas na Gníomhaireachta ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú, agus a buiséad a chur chun feidhme;
6. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an gá ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó chun cúraimí na Gníomhaireachta a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Sula mbunóidh sé oifig áitiúil, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Bainistíochta agus ón mBallstát óstach nó na Ballstáit óstacha lena mbaineann. Sonrófar sa chinneadh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanfar san oifig áitiúil ar bhealach a sheachnóidh costais neamhriachtanacha, agus feidhmeanna riaracháin na Gníomhaireachta a dhéanamh faoi dhó. Féadfar comhaontú ceanncheathrún a thabhairt i gcrích leis an mBallstát óstach nó leis na Ballstáit óstacha lena mbaineann.

Airteagal 30

An Coiste Eolaíoch

1. Beidh an Coiste Eolaíoch comhdhéanta de chúig eolaí dhéag ar a mhéad arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i bhfianaise a sármhaitheasa san eolaíocht agus a neamhspleáchais, tar éis glao ar léiriú spéise a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Áiríteofar leis an nós imeachta roghnúcháin go gcumhdóidh sainréimsí chomhaltaí an Choiste Eolaíoch na réimsí is ábhartha a bhaineann le cuspóirí na Gníomhaireachta.
2. Déanfar comhaltaí an Choiste Eolaíochta a cheapadh ina gcáil phearsanta ar feadh tréimhse ceithre bliana, tréimhse a fhéadfar a athnuachan uair amháin.
3. Beidh comhaltaí an Choiste Eolaíochta neamhspleách agus gníomhóidh siad ar mhaithe le leas an phobail. Ní iarrfaidh siad agus ní thógfaidh siad teoracha ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile.
4. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhalta na critéir neamhspleáchais a thuilleadh, cuirfidh sé an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi. De rogha air sin, féadfaidh an Bord Bainistíochta, de bharr moladh ó thrían dá chomhaltaí ar a laghad nó ón gCoimisiún, easpa neamhspleáchais a dhearbhu agus an duine lena mbaineann a chúlghairm. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta comhalta nua ar feadh na coda den téarma oifige atá fágtha i gcomhréir leis an nós imeachta le haghaidh gnáthchomhaltaí.
5. Tabharfaidh an Coiste Eolaíochta tuairim uaidh ar aon ábhar dá bhforáiltear sa Rialachán seo, sin nó ar aon ábhar eolaíoch a bhaineann le gníomhaíochtaí na

Gníomhaireachta a fhéadfaidh an Bord Bainistíochta nó an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur faoina bhráid. Foilseofar tuairimí an Choiste Eolaíoch ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

6. Chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a ghabhann le substaint shícighníomhach nua nó le grúpa substaintí sícighníomhacha nua, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Coiste Eolaíoch a mhéadú, ag gníomhú dó ar bhonn comhairle ó chathaoirleach an Choiste Eolaíoch, a mhéid a mheasann sé a bheith riachtanach, trí shaineolaithe a chur leis atá ionadaíoch do na réimsí eolaíocha is ábhartha chun a áirithiú go ndéanfar measúnú cothrom ar na rioscaí a ghabhann leis an tsubstaint shícighníomhach nua sin. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na saineolaithe sin a ainmniú as liosta saineolaithe. Formheasfaidh an Bord Bainistíochta an liosta saineolaithe gach 3 bliana.
7. Toghfaidh an Coiste Eolaíochta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar feadh fhad shainordú an Choiste Eolaíoch. Féadfaidh an Cathaoirleach a bheith rannpháirteach i gcrúinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcáil breathnóra.
8. Tiocfaidh an Coiste Eolaíochta le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad.
9. Cuirfear an liosta de chomhaltaí an Choiste Eolaíoch ar fáil don phobal agus déanfaidh an Gníomhaireacht an liosta a thabhairt cothrom le dáta ar a suíomh gréasáin.

Airteagal 31

Líonra Faisnéise Eorpach maidir le Drugaí agus Andúil i nDrugaí (Líonra Reitox)

1. Beidh an Líonra Faisnéise Eorpach maidir le Drugaí agus Andúil i nDrugaí (líonra Reitox) ar fáil don Gníomhaireacht. Is éard a bheidh i líonra Reitox na pointí fócasacha náisiúnta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 32 agus pointe fócasach don Choimisiún.
2. Tionólfar ar a laghad gnáthchruinniú amháin de chuid líonra Reitox gach bliain. Is í an Gníomhaireacht a thionólfaidh na cruinnithe agus a dhéanfaidh cathaoirleacht orthu. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú ar thionscnamh a Urlabhraí, arna iarraidh sin do thrían dá chomhaltaí.
3. Toghfaidh líonra Reitox Urlabhraí agus suas le triúr Leas-Urlabhraithe as measc a chomhaltaí. Déanfaidh an tUrlabhraí ionadaíocht ar líonra Reitox i leith na Gníomhaireachta agus féadfaidh sé páirt a ghlacadh mar bhreathnóir i gcrúinnithe an Bhoird Bainistíochta.

Airteagal 32

Pointe Fócasach Náisiúnta

1. Ainmneoidh gach tír rannpháirteach pointe fócasach náisiúnta amháin, pointe a bhunófar ar bhonn buan agus a mbeidh sainordú soiléir aige, trí reachtaíocht náisiúnta nó trí aon ghníomh dlí eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil leis. Ainmniú an phointe fhócasach náisiúnta agus ceapadh cheannaire an phointe fhócasach náisiúnta, mar aon le haon athrú ar na ceapacháin sin, cuirfear in iúl don Gníomhaireacht iad trí chomhalta náisiúnta an Bhoird Bainistíochta.
2. Áiritheoidh an t-údarás náisiúnta freagrach go gcuirfear de chúram ar an bpointe fócasach náisiúnta na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 33(2). Is é ceannasaí an

phointe fhócasaiigh náisiúnta a bheidh ina ionadaí don phointe fócasach náisiúnta i líonra Reitox.

3. Beidh ceannasaí an phointe fhócasaiigh náisiúnta neamhspleách ar threoracha ón údarás náisiúnta freagrach maidir lena fheidhm mar ceannasaí an phointe fhócasaiigh náisiúnta a dhéanamh.
4. Déanfaidh an pointe fócasach náisiúnta a ghníomhaíochtaí a phleanáil trí phlean oibre bliantúil.
5. Líne bhuiséid shonrach (bliantúil) nó línte buiséid sonracha le haghaidh faireachán a bhaineann le drugaí, beidh an méid sin sa bhuiséad ag an bpointe fócasach náisiúnta agus gheobhaidh sé tacaíocht leordhóthanach ó chinneadóirí agus ó acmhainní leordhóthanacha chun a chúraimí a dhéanamh. I ndáil leis an méid sin, tabharfaidh an tír rannpháirteach acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna don phointe fócasach náisiúnta chun a shainordú agus a chúraimí a chomhlíonadh, dá dtagraítear in Airteagal 33(2), agus beidh trealamh agus saoráidí leordhóthanacha aige chun tacú lena gníomhaíochtaí laethúla. Má tá cúraimí agus oibleagáidí náisiúnta breise ar an gcomhlacht atá ina óstach ar an pointe fócasach náisiúnta, cuirfear acmhainní daonna agus airgeadais breise ar fáil.
6. Féadfaidh an pointe fócasach náisiúnta cómhaoiniú íosta ar a chroíchoistais a fháil trí dheontas arna thabhairt ag an nGníomhaireacht má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 go 6. Chun an cómhaoiniú sin a fháil, síneoidh an pointe fócasach náisiúnta comhaontú maidir le deontais leis an nGníomhaireacht ar bhonn bliantúil. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a mholfaidh leibhéal an chómhaoinithe íosta, formheasfaidh an Bord Bainistíochta é agus déanfar athbhreithniú rialta air. Is féidir maoiniú breise ón nGníomhaireacht don phointe fócasach náisiúnta a chur ar fáil ar bhonn *ad hoc* as a rannpháirtíocht i dtionscadail áirithe agus as cur chun feidhme na dtionscadal sin.
7. Déanfaidh an Gníomhaireacht an pointe fócasach náisiúnta a dheimhniú san fheidhm sin i gcomhréir le hAirteagal 34.

Airteagal 33

Cúraimí na bpointí fócasacha náisiúnta

1. Is iad na pointí fócasacha náisiúnta a bheidh ina gcomhéadan do na tíortha rannpháirteacha agus an Gníomhaireacht.
2. Déanfaidh na pointí fócasacha náisiúnta an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) comhordú a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le bailiú sonraí faoi dhruaí agus le faireachán ar dhruaí;
 - (b) cinnteoireacht fianaise-bhunaithe a chur chun cinn agus tacú léi ar an leibhéal náisiúnta, agus páirt a ghlacadh san idirphlé beartais náisiúnta;
 - (c) córais náisiúnta a bhunú nó tacú leo chun comhar a chur ar bun idir réimse an bheartais drugaí agus réimsí beartais ábhartha eile, lena n-áirítear i réimse forfheidhmithe dlí/slándála agus i réimse beartais sláinte/shóisialta, comhar a mbeidh na páirtithe leasmhara ábhartha uile sna réimsí éagsúla páirteach ann.
 - (d) an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le drugaí, andúil i ndruaí, margaí drugaí, soláthar drugaí agus saincheistanna a bhaineann le coireacht a bhailiú, a anailísiú agus a léirmhíniú ar bhealach oibiachtúil ar an leibhéal náisiúnta, mar

aon le faisnéis maidir leis na beartais agus na réitigh a cuireadh i bhfeidhm, chun go gcomhlíonfaidh an Ghníomhaireacht Airteagal 6. Tríd an méid sin a dhéanamh, tabharfaidh an pointe fócasach náisiúnta le chéile taithí ó earnálacha éagsúla – go háirithe an tsláinte, an ceartas agus forfheidhmiú an dlí – agus oibreoidh sé i gcomhar le saineolaithe agus le heagraíochtaí náisiúnta atá gníomhach i réimse an bheartais maidir le drugaí;

- (e) faireachán a dhéanamh ar dhrugaí agus ar úsáid drugaí agus tuairisciú faoin méid sin do na húdaráis náisiúnta agus rannchuidiú le tuairisciú d'eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (f) tacú le forbairt foinsí nua sonraí eipidéimeolaíocha chun dlús a chur le tuairisciú tráthúil a dhéanamh ar threochtaí maidir le húsáid substaintí;
- (g) tacú le cleachtaí bailithe sonraí *ad hoc* agus spriocdhírthe i ndáil le bagairtí nua sláinte agus slándála;
- (h) faisnéis a sholáthar don Ghníomhaireacht faoi threochtaí nua maidir le húsáid substaintí sícighníomhacha atá ann cheana nó faoi mheascáinnua de shubstaintí sícighníomhacha a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo don tsláinte phoiblí chomh maith le faisnéis faoi bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an tsláinte phoiblí;
- (i) rannchuidiú le príomhtháscairí eipidéimeolaíocha ábhartha agus tacair sonraí ábhartha eile a bhunú, lena n-áirítear treoirlínte dá gcur chun feidhme d'fhonn faisnéis iontaofa inchomparáide a fháil ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 6;
- (j) úsáid na bprótacal agus na gcaighdeán maidir le bailiú sonraí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a chur chun cinn chun faireachán a dhéanamh ar dhrugaí agus ar úsáid drugaí sa tír;
- (k) tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta agus na bpáirtithe leasmhara náisiúnta, lena n-áirítear cinneadóirí náisiúnta;
- (l) fardal cothrom le dáta d'fhoinsí faisnéise náisiúnta faoi dhrugaí a thiomsú;
- (m) próisis athbhreithniúcháin piaraí agus sásraí dearbhaithe cáilíochta eile a chur i bhfeidhm maidir le hionchur nó aschur sonraí agus próisis rialaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm chun iontaofacht na sonraí agus na faisnéise a fhaightear a áirithiú;
- (n) measúnú a dhéanamh ar riachtanais faisnéise a pháirtithe leasmhara náisiúnta, go háirithe a chinneadóirí náisiúnta; agus
- (o) straitéis chumarsáide a fhorghníomhú nó gníomhaíochtaí eile a dhéanamh chun a chuid faisnéise a chur faoi bhráid gairmithe nó faoi bhráid an phobail i gcoitinne.

3. Beidh sé de cheart ag an bpointe fócasach náisiúnta gach faisnéis is gá chun a chúraimí a chur i gcrích i gcomhréir le mír 2 a bhailiú ó údaráis, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí náisiúnta eile. Coinneoidh an pointe fócasach náisiúnta líonra fairsing de chomhpháirtithe náisiúnta agus soláthraithe sonraí chun faisnéis den sórt sin a bhailiú.

Airteagal 34

Nós imeachta deimhniúcháin le haghaidh na bPointí fócasacha Náisiúnta

1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin] ar a dhéanaí, cuirfidh gach pointe fócasach náisiúnta iarratas ar dheimhniú isteach chuig an nGníomhaireacht.
2. Deimhneoidh an Gníomhaireacht gach pointe fócasach náisiúnta ina fheidhm mar phointe fócasach náisiúnta má chomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 32 agus má chuirtear de chúram air na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 33 a chomhlíonadh.
Níor cheart an deimhniú sin a bheith bainteach le feidhmeanna eile de chuid an chomhlachta a bhfuil an pointe fócasach náisiúnta á óstáil aige ná leis an struchtúr foriomlán ina bhfuil an pointe fócasach náisiúnta daingnithe.
3. Soláthróidh an pointe fócasach náisiúnta gach faisnéis ábhartha don Gníomhaireacht chun a chruthú go bhfuil Airteagail 32 agus 33 á gcomhlíonadh aige. Más gá, tabharfaidh an Gníomhaireacht cuairt ar an bpointe fócasach náisiúnta.
4. Mura gcomhlíonann pointe fócasach náisiúnta na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 32 nó mura gcuirtear de chúram air na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 33 a chomhlíonadh, soláthróidh an Gníomhaireacht liosta moltaí don phointe fócasach náisiúnta agus ní dheimhneoidh sí an pointe fócasach náisiúnta tar éis athmheasúnú go dtí go gcomhlíonfar na moltaí sin.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA AIRGEADAIS

Airteagal 35

Doiciméad clársceidealaithe aonair

1. Faoin 15 Nollaig gach bliain, glacfaidh an Bord Bainistíochta dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair ina mbeidh clársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil chomh maith le gach doiciméad a liostaítear in Airteagal 32 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún²², bunaithe ar dhréacht arna chur ar aghaidh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch, agus tuairim an Choimisiúin á cur san áireamh, agus i ndáil le clársceidealú ilbhliantúil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. Cuirfidh sé ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún é faoin 31 Eanáir den bhliain dár gcionn.
Beidh an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair cinntitheach tar éis ghlacadh críochnaitheach an bhuiséid ghinearálta agus déanfar é a choigeartú dá réir, más gá sin.
2. Sa chlár oibre bliantúil beidh cuspóirí mionsonraithe chomh maith leis na torthaí a bhfuil coinne leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh tuairisc ann freisin ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú agus léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní daonna a bheidh sannta do gach gníomhaíocht, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe de réir gníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre

²² Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an gcreat rialachán airgeadais i ndáil leis na comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

bliantúil comhleanúnach leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 4. Sonrófar go soiléir ann na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe sin.

Áireofar sa chlársceidealú bliantúil nó ilbhliantúil an fhaisnéis maidir le cur chun feidhme an chreata maidir le comhar idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 20 agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an straitéis sin.

3. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an clár oibre bliantúil atá glactha a leasú nuair a thabharfar cúram nua don Údarás.

Aon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil, déanfar é a ghlacadh tríd an nós imeachta céanna lenar glacadh an clár oibre bliantúil tosaigh. Féadfaidh an Bord Bainistíochta an chumhacht chun leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

4. Leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán lena n-áirítear na cuspóirí, na torthaí a bhfuil coinne leo agus na táscairí feidhmíochta. Leagfar amach clársceidealú acmhainní freisin, lena n-áirítear an buiséad ilbhliantúil agus líon na foirne.

Déanfar an clársceidealú acmhainní a thabhairt cothrom le dáta gach bliain. Tabharfar an clársceidealú ilbhliantúil cothrom le dáta nuair is iomchuí, agus go háirithe chun dul i ngleic le toradh na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 51.

5. Déanfar na cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715.

Airteagal 36

Buiséad

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas uile na Gníomhaireachta gach bliain airgeadais, de réir na bliana féilire, agus léireofar i mbuiséad na Gníomhaireachta iad.
2. Beidh buiséad na Gníomhaireachta comhardaithe i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais.
3. Gan dochar d'acmhainní eile, cuimseofar in ioncam na Gníomhaireachta na nithe seo a leanas:
 - (a) ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh;
 - (b) aon ranníocaíocht airgeadais dheonach ó na Ballstáit;
 - (c) na táillí a íocadh as seirbhísí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 37; agus
 - (d) aon ranníocaíocht airgeadais ó na heagraíochtaí agus na comhlachtaí agus na tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagail 53 agus 54, faoi seach.
4. Cuirfear luach saothair foirne, speansais riaracháin agus bhonneagair, agus caiteachas oibríochtúil san áireamh i gcaiteachas na Gníomhaireachta. Féadfaidh caiteachas chun tacú leis na pointí fócasacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 32(7) a bheith san áireamh sna costais oibriúcháin.

Airteagal 37

Táillí

1. Féadfaidh an Gníomhaireacht táillí a ghearradh as na nithe seo a leanas:
 - (a) cláir oiliúna;
 - (b) gníomhaíochtaí áirithe chun tacú le Ballstáit nár sainaithníodh mar ábhar tosaíochta ach a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil má tá acmhainní náisiúnta ina dtaca leo;
 - (c) cláir forbartha acmhainneachta le haghaidh tríú tíortha nach gcumhdaítear le cistiú tiomnaithe ar leith ón Aontas;
 - (d) deimhniú comhlachtaí náisiúnta a bunaíodh i dtríú tíortha de bhun Airteagal 20(3);
 - (e) seirbhísí eile a thagann faoina sainordú agus seirbhísí a thugtar, arna iarraidh sin do thír rannpháirteach, ar gá acmhainní a infheistiú iontu chun tacú le gníomhaíochtaí náisiúnta.
2. Ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, socróidh Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta méid na dtáillí agus an bealach a n-íocfar iad.
3. Beidh na táillí comhréireach leis na costais a bhaineann leis na seirbhísí ábhartha a chuirtear ar fáil ar bhealach costéifeachtach agus beidh siad leordhóthanach chun na costais sin a chumhdach. Socrófar táillí ar cibé leibhéal ar a áiritheofar go mbeidh siad neamh-idirdhealaitheach agus go seachnófar leo ualach míchuí airgeadais nó riaracháin a chur ar na páirtithe leasmhara.
4. Ba cheart táillí a shocrú ag leibhéal lena seachnófaí easnamh nó carnadh suntasach barrachais sa bhuiséad. I gcás ina mbeidh comhardú dearfach suntasach sa bhuiséad, mar thoradh ar sholáthar na seirbhísí a chumhdaítear le táillí, comhardú a bheidh ann arís agus arís eile, beidh sé sainordaitheach athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na dtáillí nó ar ranníocaíocht an Aontais. I gcás ina mbeidh comhardú diúltach suntasach ann mar thoradh ar sholáthar na seirbhísí a chumhdaítear le táillí, beidh sé sainordaitheach athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na dtáillí.

Airteagal 38

An buiséid a bhunú

1. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtráiteas sealadach a tharraingt suas ar mheastacháin ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta le haghaidh na bliana airgeadais dár gcionn, lena n-áirítear an plean bunaíochta, agus seolfaidh sé chuig an mBord Bainistíochta é.
2. Ar bhonn an dréachta sin, glacfaidh an Bord Bainistíochta dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta le haghaidh na bliana airgeadais dár gcionn.
3. Seolfar an dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain. Seolfaidh an Bord Bainistíochta an dréachtmheastachán críochnaitheach chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta.
4. Seolfaidh an Coimisiún an ráiteas ar mheastacháin chuig an údarás buiséadach mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

5. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, déanfaidh an Coimisiún na meastacháin a mheasann sé is gá maidir leis an bplean bunaíochta agus suim an fhóirdheontais a mhuirearófar ar an mbuiséad ginearálta a iontráil i réamhdhréacht buiséad ginearálta an Aontais agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh é i gcomhréir le hAirteagal 314 CFAE.
6. Is é an t-údarás buiséadach a údaróidh na leithreasuithe i gcomhair na ranníocaíochta a thabharfar don Ghníomhaireacht.
7. Glacfaidh an t-údarás buiséadach plean bunaíochta na Gníomhaireachta.
8. Glacfaidh an Bord Bainistíochta buiséad na Gníomhaireachta trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bheidh i dteideal vótáil. Is buiséad críochnaitheach a bheidh ann ach dréachtbhuiséad an Aontais Eorpaigh a bheith glactha go críochnaitheach. Más gá, déanfar é a choigeartú dá réir.
9. I gcás aon tionscadal tógála ar dócha go mbeidh impleachtaí móra aige ar bhuiséad na Gníomhaireachta, beidh feidhm ag forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715²³ ina leith.

Airteagal 39

An buiséad a chur chun feidhme

1. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme.
2. Gach bliain, seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an fhaisnéis uile is ábhartha maidir leis na nósanna imeachta meastóireachta a leagtar amach in Airteagal 51 chuig an údarás buiséadach.

Airteagal 40

Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh

1. Faoin 1 Márta den bhliain airgeadais dár gcionn, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.
2. Faoin 31 Márta den bliain airgeadais dár gcionn, seolfaidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil ar an mbainistiú buiséadach agus airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.
3. Faoin 31 Márta den bliain airgeadais dár gcionn, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na Gníomhaireachta, arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin, chuig an gCúirt Iniúchóirí.
4. Tar éis don Stiúrthóir Feidhmiúcháin barúlacha na Cúirte Iniúchóirí a fháil maidir le cuntais shealadacha na Gníomhaireachta, de bhun Airteagal 246 den Rialachán Airgeadais²⁴, tarraingeoidh sé suas cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta

²³ IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

²⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

faoina fhreagracht féin agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad chun tuairim a fháil ina leith.

5. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tuairim uaidh maidir le cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta.
6. Faoin 1 Iúil tar éis gach bliana airgeadais, déanfaidh an t-oifigeach cuntasáíochta na cuntais chríochnaitheacha, in éineacht leis an tuairim ón mBoird Bainistíochta, a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúcháirí.
7. Foilseofar na cuntais chríochnaitheacha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoin 15 Samhain an bhliain dár gcionn.
8. Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra ar bharúlacha na Cúirte Iniúcháirí chuig an gCúirt Iniúcháirí faoin 30 Meán Fómhair. Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an freagra sin chuig an mBord Bainistíochta freisin.
9. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, arna iarraidh sin di, aon fhaisnéis is gá chun an nós imeachta um urscaoileadh a chur i bhfeidhm go rianúil don bhliain airgeadais lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 261(3) den Rialachán Airgeadais.
10. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain $N + 2$ i dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N .

Airteagal 41

Rialacha airgeadais

Déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh siad ó Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 2019/715 mura rud é go mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrach le haghaidh fheidhmiú na Gníomhaireachta agus mura rud é gur thug an Coimisiún toiliú don imeacht sin roimh ré.

CAIBIDIL VII

FOIREANN

Airteagal 42

Foráil ghinearálta

1. Na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne sin agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann na Gníomhaireachta.
2. I gcás ina bhfostóidh an Ghníomhaireacht baill foirne ó thríú tíortha tar éis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 54 a thabhairt i gcrích, déanfaidh an Ghníomhaireacht, in aon chás, na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta dá dtagraítear i mír 1 a comhlíonadh.

Airteagal 43

Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin fostaithe mar ghníomhaire sealadach ag an nGníomhaireacht faoi Airteagal 2, pointe (a), de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.
2. Is é an Bord Bainistíochta a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ó liosta iarrthóirí a mholfaidh an Coimisiún tar éis nós imeachta roghnúcháin atá oscailte trédhearcach a bheith ann.
3. Chun an conradh a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, is é Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a déanfaidh ionadaíocht thar ceann na Gníomhaireachta.
4. Is cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Faoi dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú a chuirfidh san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshlán na Gníomhaireachta sa todhchaí.
5. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún ina gcuirtear an measúnú dá dtagraítear i mír 4 san áireamh, síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin aon uair amháin, ar feadh tréimhse cúig bliana ar a mhéad.
6. Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar cuireadh síneadh lena chonradh, ní fhéadfaidh sé páirt a ghlacadh i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh na tréimhse iomláine.
7. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún.
8. Tiocfaidh an Bord Bainistíochta ar chinntí maidir le ceapachán, le síneadh téarma oifige nó le cur as oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ar bhonn tromlach dhá thrían dá chuid comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

Airteagal 44

Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile

1. Féadfaidh an Gníomhaireacht úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus as baill foirne eile nach bhfuil fostaithe ag an nGníomhaireacht. Ní bheidh feidhm ag Rialacháin Foirne na nOifigeach ná Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile maidir leis na baill foirne sin.
2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh lena leagfar síos na rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Gníomhaireacht.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 45

Pribhléidí agus díolúintí

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir leis an nGníomhaireacht agus lena baill foirne.

Airteagal 46

Socruithe teanga

Beidh feidhm ag na forálacha atá leagtha síos i Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle²⁵ maidir leis an nGníomhaireacht.

Airteagal 47

Trédhearcacht

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh na Gníomhaireachta.
2. Beidh próiseáil sonraí pearsanta ag an nGníomhaireacht faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶.
3. Laistigh de shé mhí tar éis dháta an chéad chruinnithe den Bhord Bainistíocht tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 63, déanfaidh an Bord Bainistíochta bearta a shuí don Gníomhaireacht chun Rialachán (AE) 2018/1725 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta a bhaineann le hOifigeach um Chosaint Sonraí de chuid na Gníomhaireachta a cheapadh. Déanfar na bearta sin a shuí tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 48

An chalaóis a chomhrac

1. Chun an chalaóis, an t-éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm ag forálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013²⁷ maidir leis an nGníomhaireacht.
2. Aontóidh an Gníomhaireacht do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag OLAF faoi cheann sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus glacfadh sí na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile na Gníomhaireachta agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin á úsáid aici.
3. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais ón nGníomhaireacht.

²⁵ Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

²⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

²⁷ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

4. Féadfaidh OLAF agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, agus é d'aidhm acu a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a mbeadh tionchar aici ar leas airgeadais an Aontais i ndáil le deontas nó le conradh arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96²⁸.
5. Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, na comhaontuithe comhair le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagail 53 agus 54, na conarthaí, na comhaontuithe deontais agus na cinntí deontais de chuid na Gníomhaireachta, cuimseoidh siad forálacha a thugann cumhacht go sainráite do Chúirt Iniúcháirí agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, de réir a gcuid inniúlachtaí faoi seach.

Airteagal 49

Faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint

1. Glacfaidh an Gníomhaireacht rialacha slándála a bheidh coibhéiseach le rialacha slándála an Choimisiúin chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, mar a leagtar amach i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún²⁹ agus 2015/444 ón gCoimisiún³⁰. Cuimseoidh rialacha slándála na Gníomhaireachta, *inter alia*, forálacha chun faisnéis den sórt sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil.
2. Ní fhéadfaidh an Gníomhaireacht faisnéis rúnaicmithe a mhalartú ach le húdaráis ábhartha tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta nó ní fhéadfaidh sí FRAE a chomhroinnt le comhlacht eile de chuid an Aontais faoi chuimsiú Socrúithe Riaracháin. Aon Socrú Riaracháin den sórt sin, beidh sé faoi réir údarú an Bhoird Bainistíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. In éagmais Socrú Riaracháin den sórt sin, beidh aon scaoileadh eisceachtúil *ad hoc* FRAE chuig na húdaráis sin faoi réir cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

Airteagal 50

Dliteanas

1. Beidh dliteanas conarthach na Gníomhaireachta faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i gceist.
2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána atá i gconradh arna thabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht.

²⁸ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

²⁹ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

³⁰ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

3. I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh an Gníomhaireacht, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú arbh iad a ranna nó a baill foirne ba chúis leis agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu.
4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh i leith damáiste dá dtagraítear i mír 3.
5. Beidh dliteanas pearsanta a baill foirne féin i leith na Gníomhaireachta faoi rialú ag na forálacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne nó Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

Airteagal 51

Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún feidhmíocht na Gníomhaireachta a mheasúnú i ndáil lena a cuspóirí, a sainordú, a cúraimí agus a suíomh, i gcomhréir le treoracha an Choimisiúin, tráth nach déanaí ná *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = cúig bliana tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 63]* agus gach cúig bliana dá éis sin. Sa mheastóireacht rachfar i ngleic go háirithe leis an riachtanas a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú, agus leis na himpleachtaí airgeadais a bheadh ann le haon mhodhnú den sórt sin.
2. Tráth gach dara meastóireachta, déanfar measúnú ar na torthaí a bhain an Gníomhaireacht amach ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú agus dá cúramaí, lena n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an bhfuil bonn cirt fós leis ó thaobh na gcuspóirí, an tsainordaithe agus na gcúraimí sin go leanfaí ar aghaidh leis an nGníomhaireacht.
3. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Bhord Bainistíochta maidir le torthaí na meastóireachta. Cuirfear torthaí na meastóireachta sin ar fáil don phobal.

Airteagal 52

Fiosrúcháin riaracháin

Beidh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi réir fhiosrúcháin an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 CFAE.

Airteagal 53

Comhar le heagraíochtaí agus le comhlachtaí eile

1. Féachfaidh an Gníomhaireacht go gníomhach le hoibriú i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le comhlachtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha eile, go háirithe comhlachtaí de chuid an Aontais, chomh maith le comhlachtaí teicniúla atá inniúil in ábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, faoi chuimsiú socruithe oibre arna dtabhairt i gcrích leis na comhlachtaí sin, i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis na forálacha maidir le hinniúlacht na gcomhlachtaí sin. Ní chumhdófar malartú faisnéise rúnaicmithe leis na socruithe oibre sin.
2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta na socruithe oibre sin bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag an Stiúrtóir Feidhmiúcháin agus tar éis formheas roimh ré ón gCoimisiún a fháil. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl nach n-aontaíonn sé leis

na socruithe oibre sin, glacfaidh an Bord Bainistíochta iad trí thromlach trí cheathrú de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

3. Maidir le leasuithe nó athruithe ar na socruithe oibre atá ann cheana, atá teoranta ó thaobh raon feidhme de agus nach n-athraíonn raon feidhme foriomlán na socruithe oibre ná a bhfuil beartaithe leo, nó leasuithe nó athruithe ar na socruithe teicniúla oibre le comhlachtaí teicniúla eile, glacfaidh an Bord Bainistíochta iad bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus tar éis faisnéis a thabhairt don Choimisiún roimh ré.

Airteagal 54

Comhar le tríú tíortha

1. Beidh an Ghníomhaireacht oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha ina cuid oibre, tríú tíortha a bhfuil comhaontuithe chuige sin tugtha i gcrích acu leis an Aontas.
2. Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe dá dtagraítear i mír 1, forbrófar socruithe lena sonrófar, go háirithe, cineál, méid agus modh rannpháirtíocht na dtríú tíortha lena mbaineann in obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le rannpháirtíocht i dtionscnaimh a dtabharfaidh an Ghníomhaireacht fúthu, le ranníocaíochtaí airgeadais agus le baill foirne.

Maidir le cúrsaí foirne, déanfaidh na socruithe oibre sin na Rialacháin Foirne a chomhlíonadh in aon chás.

Airteagal 55

Comhairliúchán le heagraíochtaí na sochaí sibhialta

Coinneoidh an Ghníomhaireacht dlúth-idirphlé ar bun le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Airteagal 56

Comhaontú Ceanncheathrún agus coinníollacha oibriúcháin

1. Na socruithe is gá maidir leis an gcóiríocht atá le cur ar fáil don Ghníomhaireacht sa Bhallstát óstach agus na saoráidí a chuirfidh an Ballstát sin ar fáil mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát óstach maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, le baill foirne na Gníomhaireachta agus baill dá dteaghlach, leagfar síos iad i gComhaontú Ceanncheathrún idir an Ghníomhaireacht agus an Ballstát ina bhfuil an suíomh lonnaithe.
2. Déanfaidh Ballstát óstach na Gníomhaireachta na dálaí is fearr is féidir a chur ar fáil chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht go rianúil agus go héifeachtúil, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach a bhfuil gné Eorpach ag baint léi agus naisc iomchuí iompair.

Airteagal 57

Comharbas dlíthiúil

1. Beidh an Ghníomhaireacht arna bunú leis an Rialachán seo ina comharba dlíthiúil i ndáil le gach conradh arna thabhairt i gcrích ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, i ndáil le gach dliteanas is dlite dó agus i ndáil le gach maoin arna sealbhú dó.
2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear d'fheidhm dhlíthiúil comhaontuithe agus socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 roimh *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin]*.

Airteagal 58

Socruithe idirthréimhseacha maidir leis an mBord Bainistíochta

1. Bord Bainistíochta an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, leanfaidh sé dá chuid oibre agus dá fheidhmiú bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 agus ar na rialacha arna mbunú faoin Rialachán sin go dtí go gceapfar ionadaithe uile an Bhoird Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán seo.
2. Faoi *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin]*, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh ainmneacha agus sheoltaí na ndaoine arna gceapadh acu ina gcomhalta agus ina gcomhalta malartach den Bhord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 23.
3. An Bord Bainistíochta a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 23, réachtálfaidh sé a chéad chruinniú laistigh de mhí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. An tráth sin, féadfaidh sé a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

Airteagal 59

Socruithe idirthréimhseacha maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Maidir le Stiúrthóir an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí a ceapadh ar bhonn Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, ar feadh na tréimhse a bheidh fágtha dá théarma oifige, déanfar freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 29 den Rialachán seo a shannadh dó. Ní athrófar coinníollacha eile a chonartha.

I gcás ina dtagann deireadh leis an téarma oifige idir dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus dáta a chur i bhfeidhm, agus murar cuireadh síneadh leis an téarma sin cheana faoi Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, déanfar é a shíneadh go huathoibríoch go dtí *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin]*.
2. I gcás nach mbeidh an Stiúrthóir a ceapadh ar bhonn Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 toilteanach ná in ann gníomhú i gcomhréir le mír 1, ainmneoidh an Bord Bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 23 Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach chun na dualgaí a sannadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a fheidhmiú ar feadh tréimhse nach mó ná 18 mí, go dtí go ndéanfar an ceapachán dá bhforáiltear in Airteagal 43(2).

Airteagal 60

Socruithe idirthréimhseacha maidir leis na pointí fócasacha náisiúnta

Faoin *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 11 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin]*, déanfaidh comhalta an Bhoird Bainistíochta ainm na hinstitiúide, a ainmníodh mar phointe fócasach náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 32(1), agus ainm cheannaire an phointe fhócasach náisiúnta a chur ar fáil don Ghníomhaireacht. D'fhéadfadh sé sin a bheith i bhfoirm ríomhphoist ina ndeimhnítear an *status quo* reatha.

Airteagal 61

Forálacha buiséadacha idirthréimhseacha

Is i gcomhréir leis na rialacha a bunaíodh le Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 a dhéanfar an nós imeachta um urscaoileadh maidir leis na buiséid arna bhformheas ar bhonn Airteagal 14 den Rialachán sin.

Airteagal 62

Aisghairm Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ón *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin]*.
Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá san Iarscríbhinn.
2. Na rialacha agus na bearta inmheánacha arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, fanfaidh siad i bhfeidhm tar éis an *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin]*, mura gcinntíodh an Bord Bainistíochta a mhalairt agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.

Airteagal 63

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht Drugaí na hEorpa

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: Gnóthaí Baile

Gníomhaíocht: Slándáil

12 10 03: An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA)

1.3. Baineann an togra le

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁷⁴

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is é cuspóir ginearálta an athbhreithnithe spriocdhírithe ar an Rialachán bunaidh a áirithiú go mbeidh an Gníomhaireacht in ann déileáil go hiomchuí leis na dúshláin atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le drugaí san Aontas, rud a chuirfidh ar chumas na gníomhaireachta gníomhaíocht éifeachtach a chur chun feidhme chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát sa réimse beartais seo.

Léiríonn oibríochtaí EMCDDA bainistíocht fhónta airgeadais, ós rud é go bhfuil stair fhada ag an ngníomhaireacht de chur chun feidhme beartais den scoth, le 99,9 % de chur chun feidhme an bhuiséid gach bliain, go hiomlán i gcomhréir leis na ceanglais maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht. Faigheann daoine agus institiúidí a bhfuil bainistíocht agus rialachas na gníomhaireachta de chúram orthu tuarascáil iniúchóireachta seachtraí atá glan gach bliain. Ina theannta sin, tuairisciú agus rúin ón údarás atá i gceannas, urscaoileadh a dheonú don lucht bainistíochta i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na gníomhaireachta gach bliain, lena ndeimhnítear dea-fheidhmíocht leanúnach na gníomhaireachta faoina sainordú reatha.

Is fadhb chasta slándála agus sláinte iad drugaí aindleathacha a chuireann isteach ar na milliúin duine san Aontas agus ar fud an domhain. Tá an staid ag dul in olcas, agus tá méid an chócaon agus an hearóin a tugadh isteach san Aontas i gcónaí. Tá méadú ag teacht freisin ar úsáid beinsidé-asaipíní, rud a d'fhéadfadh a bheith ina léiriú ar ard-infhaighteacht agus ar chostas íseal na substaintí sin chomh maith le saincheistanna meabhairshláinte a bhaineann le paidéimí.

Déantar drugaí a tháirgeadh ar chríoch Bhallstáit an AE, go háirithe drugaí sintéiseacha (amfataimíní agus eacstais) chun críche tomhaltais intíre agus onnmhairithe. Meastar gurb é íosluch miondíola mhargadh na ndrugaí EUR 30 billiún in aghaidh na bliana, agus is é an

⁷⁴

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

margadh coiriúil is mó agus príomhfhoinsí ioncaim do ghrúpaí coireachta eagraithe san Aontas fós é.

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an nGníomhaireacht⁷⁵ in 2019. Baineadh de thátal as, go bhfuil an dícheangal méadaitheach idir castacht fheiniméan comhaimseartha na ndrugaí agus an rialachán bunaidh na Gníomhaireachta⁷⁶. Dá bhrí sin, níl an ghníomhaireacht ar aon chéim leis na cúraimí atá uirthi faoin sainordú reatha toisc nach bhfuil sí in ann dul i ngleic go héifeachtach le hiarrataí arna ndéanamh chuici ag a príomhpháirtithe leasmhara. Níl aon bhreisiú faighte ag an ngníomhaireacht lena hacmhainní seachas an ceartúchán uathoibríoch 2 % a rinneadh roimhe seo, ach amháin i gcás cistiú aonuaire a cuireadh le buiséad 2020 de bhun na n-oibleagáidí dlíthiúla/conarthacha ábhartha mar gheall ar athróa seachtracha criticiúla. Bhí líon na foirne atá fostaithe cobhsaí.

Tá gá le gníomhaíocht éifeachtach ar leibhéal an Aontais de bharr na bhforbairtí sin. Leagtar amach an creat straitéiseach i Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025 agus i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2021-2025. Iarrtar sa Straitéis ar an gCoimisiún “togra a thíolacadh chun sainordú EMCDDA a athbhreithniú a luaithe is féidir, chun a áirithiú go mbeidh páirt níos láidre ag an ngníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le feinioméan na ndrugaí”. Tá sé beartaithe leis an togra reatha an t-iarratas seo a chomhlíonadh, agus an sainordú reatha á thabhairt cothrom le dáta mar seo a leanas:

An sainordú reatha		Cuspóirí sonracha an tsainordaithe athbhreithnithe	
- Sonraí atá ann cheana a bhailiú agus a anailísiú - Modhanna comparáide sonraí a fheabhsú - Sonraí a scaipeadh	>>	3) Saotharlann fhíorúil fhóiréinsice & thocsaineolaíoch a bhunú 4) Ról treisithe Phointí Fócasacha Náisiúnta REITOX.	1) Cumhdach níos leithne ar shaincheisteanna úsáid ildhrugaí. 2) Cumas feabhsaithe le haghaidh measúnú ar bhagairtí.
- Comhar le comhlachtaí agus eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta agus le tríú tíortha	>>	7) Soiléiriú ar an ngné idirnáisiúnta	6) Cumas feabhsaithe i saincheisteanna soláthair agus slándála.
- Oibleagáidí faisnéise	>>	5) Inniúlacht fheabhsaithe d'fheachtais faisnéise agus do chumarsáid riosca	

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Agus seacht gcuspóir shonracha á sainiú aige, leagann an Coimisiún amach loighic na hidirghabhála i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe in eintitis an Aontais. Bainistíocht fhónta airgeadais is ea an ráiteas airgeadais reachtach (RAR) reatha toisc go gcuirtear i láthair ann an toradh a bhí ar acmhainní comhlántacha a mhapáil go cúramach d'fhonn raon feidhme na ngníomhaíochtaí gníomhaireachta a leathnú.

1. Cumhdach níos leithne ar shaincheisteanna maidir le húsáid ildhrugaí

⁷⁵ An ceathrú meastóireacht ar EMCDDA, tag. COM(2019) 228.

⁷⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i ndrugaí (athmhúnlú)

Tá méadú ag teacht ar na dúshláin a eascraíonn as an idirghníomhaíocht idir níos mó ná substaint shíceighníomhach amháin nó cineál substainte amháin a úsáid, rud a éilíonn beartais agus freagairtí iomchuí. Áirítear ar na dúshláin sin na rioscaí méadaithe a bhaineann le fadhbanna sláinte agus sóisialta, fadhbanna a d'fhéadfadh tarlú nuair a ídítear substaintí sícighníomhacha mar aon le drugaí aindleathacha ag an am céanna nó go seicheamhach laistigh de thréimhse ghearr ama. Ar an gcaoi chéanna, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar chásanna ina dtáirgtear nó ina ndíoltar substaintí éagsúla le chéile agus na cúiseanna coitianta le húsáid drugaí agus andúilí a mheas, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le faireachán agus malartú dea-chleachtais a dhíríonn go iomlánaíoch ar shubstaintí iolracha. Is é is aidhm don chuspóir sonrach sin, dá bhrí sin, raon feidhme gníomhaíochta na Gníomhaireachta a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar an bhforlíontáin eile atá bunaithe ar shubstaint nuair a dhéantar na substaintí sin in éineacht le drugaí aindleathacha. Is é is aidhm don athbhreithniú sainmhíniú níos fearr a thabhairt ar úsáid ildhrugaí agus ceanglaítear leis go gcuirfidh pointí fócasacha náisiúnta tuairisciú ábhartha, lena n-áirítear sonraí, ar fáil don ghníomhaireacht.

2. Cumas feabhsaithe chun measúnú a dhéanamh ar bhagairtí

Is é an aidhm atá ann cumas faireacháin agus measúnaithe bagairtí na Gníomhaireachta a neartú, agus cumas na Gníomhaireachta freagairt do dhúshláin nua a neartú. Cuirfidh an t-athbhreithniú ar chumas na Gníomhaireachta tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit.

3. Saotharlann fhíorúil fóiréinsice & thocsaineolaíoch a bhunú

Is í an aidhm saotharlann fhíorúil a bhunú, i.e. sainlíonra eolaithe agus saotharlann a bhíonn ag gabháil d'anailís fhóiréinseach agus thocsaineolaíoch. Bheadh inniúlacht agus taithí leordhóthanach saotharlainne agus eolaíochta ag teastáil go fóill sa Ghníomhaireacht chun obair na saotharlainne fíorúla a stiúradh. Dhéanfaí líonra de shaotharlanna náisiúnta atá ann cheana féin a chomhcheangal le lárionad inniúlachta sa Ghníomhaireacht, chun a áirithiú go bhfuil gach faisnéis fhóiréinseach agus thocsaineolaíoch ar fáil don Ghníomhaireacht.

4. Ról treisithe⁷⁷ Phointí Fócasacha Náisiúnta REITOX

Tá ról líonra Reitox leagtha amach faoi láthair in Airteagal 5 den Rialachán bunaidh. Is é an comhéadan idir an Ghníomhaireacht agus na tíortha rannpháirteacha é. Tugann pointí fócasacha náisiúnta Reitox na croí-shonraí maidir le drugaí agus andúil i ndrugaí le chéile, chomh maith le bunsonraí faoi bheartais agus réitigh a chuirtear i bhfeidhm. Is é sin an bonn atá leis na príomhtháscairí agus na príomhshonraí a úsáideann an Ghníomhaireacht. Is é líonra Reitox an phríomhfhoinsé faisnéise don Ghníomhaireacht. Bíonn dúshláin thábhachtacha roimh Phointí Fócasacha Náisiúnta Reitox, áfach, uaireanta ó thaobh cumhachtaí dlíthiúla, acmhainní daonna agus airgeadais, a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht agus ar uainiú na sonraí a sholáthraítear. Is é is aidhm dó sin a chur ar chumas na bPointí Fócasacha Náisiúnta na sonraí ábhartha a bhailiú agus a chur ar fáil don Ghníomhaireacht. Leis an Rialachán bunaidh athbhreithnithe, leagfar síos ceanglais íosta maidir lena mbunú agus lena ndeimhniú ag an nGníomhaireacht. Ní mór athbhreithniú shainordú na Gníomhaireachta a léiriú freisin i sainordú na bpointí fócasacha náisiúnta.

5. Inniúlacht fheabhsaithe le haghaidh feachtas faisnéise agus cumarsáide riosca

Is é is aidhm dó an inniúlacht a thabhairt don Ghníomhaireacht gníomhú ar a hanailís agus feachtais coisctheacha agus múscailte feasachta a fhorbairt ar leibhéal an AE chomh maith le foláirimh a eisiúint i gcás ina mbeidh substaintí atá contúirteach ar fáil ar an margadh.

6. Cumas feabhsaithe i saincheisteanna soláthair agus slándála

⁷⁷ Is giorrúchán é Reitox a úsáidtear don Líonra Faisnéise Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

Is é an aidhm atá leis sin sainordú na Gníomhaireachta a leathnú chun aghaidh a thabhairt go sainráite ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar drugaí agus le margadh na ndrugaí, ós rud é gur gné níos tábhachtaí d'fheiniméan na ndrugaí í seo. Beidh an Gníomhaireacht an Aontais um Dhrugaí a bheidh ann amach anseo in ann gníomhú go héifeachtach sa ghné sin.

7. Soiléiriú ar an ngné idirnáisiúnta

D'ainneoin an aitheantais idirnáisiúnta atá aici mar ionad barr feabhais agus a rannpháirtíocht ghníomhach maidir le saincheisteanna idirnáisiúnta, ní shainmhínítear go leordhóthanach sa Rialachán bunaidh freagrachtaí na Gníomhaireachta sa réimse seo. Tá sainordú soiléir de dhíth ar an nGníomhaireacht chun anailís a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar fhorbairtí domhanda i dtríú tíortha, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don Aontas. Agus feiniméan na ndrugaí ag éirí níos domhanda agus é ag feidhmiú, tá tuiscint mhaith ar an tionchar a bhíonn ag beartais maidir le drugaí i dtríú tíortha ar mhargaí an Aontais tábhachtach. Maidir le saincheisteanna, i gcás ina bhfuil inniúlachtaí ag an nGníomhaireacht ar leibhéal an Aontais, ba cheart go mbeadh sí in ann rannchuidiú ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin. Rannchuideodh sé le forbairt agus le cur chun feidhme ghné sheachtrach bheartas drugaí an Aontais agus ról ceannaireachta an Aontais ar an leibhéal iltaobhach. Mar thoradh air sin, ba cheart go ndéanfaí athmhachnamh ar an gcur chuige reatha “ad hoc” agus “maoiniú tionscadal”, rud a chuireann bacainní ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta agus nach gcuirfidh ar chumas an Aontais a bhfuil ag súil leis agus na gealltanais pholaitiúla a bhaineann le comhar méadaithe i réimse na ndrugaí le tríú tíortha a chomhlíonadh. Is é an aidhm atá leis, dá bhrí sin, cúraimí na Gníomhaireachta maidir leis an ngné idirnáisiúnta a shoiléiriú, na hinniúlachtaí riachtanacha a áireamh sa sainordú féin.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Is iad na húdaráis sna Ballstáit, chomh maith le hinstitiúidí an Aontais, a bhainfidh tairbhe as feidhmiú treisithe na Gníomhaireachta. Chuideodh an t-athbhreithniú ar an Rialachán bunaidh leis an ualach riaracháin a laghdú agus le nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, go háirithe sna Ballstáit. Ar na fachtóirí a chuireann leis sin tá cuíchóiriú agus lárú beartaithe na n-oibleagáidí tuairiscithe sna Ballstáit trí na pointí fócasacha náisiúnta, faireachán a dhéanamh ar mhargaí drugaí agus córas luathrabhaidh agus córas foláirimh drugaí a chothabháil, oiliúint a eagrú, dea-chleachtais a fhorbairt, etc. Bheadh laghdú ar chostais riaracháin sna Ballstáit mar thoradh air sin. Sampla eile is ea go mbeadh faisnéis níos fearr ar fáil ón nGníomhaireacht, ní hamháin ar mhaithe leis an Aontas, ach ar mhaithe leis na Ballstáit freisin. Ní bheadh na Ballstáit féin in ann sonraí a bhailiú ná anailís a dhéanamh orthu sa mhéid is nach bhfuil an t-eolas ná na hacmhainní acu, nó toisc gur fadhb thrasteorann í. Is argóint ar son simpliú riaracháin an ghné dheireanach freisin toisc nach bhféadfadh aon Bhallstát aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin as a stuaim féin agus comhoibriú le go leor tíortha mar thoradh ar ualach mór riaracháin.

Cuirfidh sainordú leathnaithe na Gníomhaireachta go dearfach leis an ngeilleagar agus le hiomaíochas ar thaobh amháin agus le hiarracht forfheidhmithe dlí ar an taobh eile. Cuirfidh sainordú athnuaithe ar chumas na Gníomhaireachta gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a chuideoidh le húdaráis náisiúnta cláir spriocdhíríthe maidir le drugaí a chosc a réachtáil ar bhealach níos fearr agus, ar an gcaoi sin, go hindíreach, cuideoidh sé le fórsa saothair níos éifeachtaí (i.e. laghdófar an t-éagumas a bhaineann le handúil i ndrugaí mar gheall ar chosc drugaí ar bhealach níos fearr). Cuideoidh sé freisin le hiarrachtaí forfheidhmithe dlí chun gníomhaíochtaí grúpaí coireachta eagraithe a shuaitheadh. Is tionchair indíreacha iad sin, a bheadh mar thoradh ar thuiscint níos fearr ar staid na ndrugaí. Is ar an Aontas agus ar bhuiséid náisiúnta atá an tionchar díreach eacnamaíoch.

Comhlánóidh an Gníomhaireacht iarrachtaí na ngeallsealbhóirí ábhartha, go háirithe údarais forfheidhmithe dlí na mBallstát. Cuirfidh an Gníomhaireacht feabhas ar an anailís ar sholáthar drugaí san Aontas bunaithe ar fhaisnéis níos fearr faoi gháinneáil ar dhrugaí agus faoi tháirgeadh drugaí, rud a chuirfidh le forfheidhmiú an dlí níos éifeachtaí agus a thacóidh le slándáil inmheánach an Aontais. Ina theannta sin, cuirfear rochtain níos fearr ar dhea-chleachtais i réimse an éilimh ar dhrugaí agus freagairtí sláinte poiblí eile ar thairbhíthe sheirbhísí na Gníomhaireachta. Thairis sin, rannchuideoidh an Gníomhaireacht le gníomhaíochtaí a thacaíonn leis na beartais mheabhairshláinte sna Ballstáit.

Bheadh tionchar indíreach ar an gcomhshaol ag an athbhreithniú ar an sainordú freisin. Bíonn tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol ag táirgeadh drugaí ar chríoch Bhallstáit an Aontais, go háirithe ag táirgeadh drugaí MDMA (eacstais) agus (meán) amfataimíní, go háirithe nuair a dhéantar dramhaíl ó tháirgeadh drugaí a dhumpáil. Thacódh eolas níos fearr ar na modhanna táirgthe agus atreorú réamhtheachtaithe le hobair fhorfheidhmiú an dlí maidir le saotharlanna aindleathacha drugaí a fhionnadh agus ina dhiaidh sin chun an choireacht chomhshaoil a laghdú.

Téann obair na Gníomhaireachta i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha, e.g. an obair maidir le roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigheacha, an obair maidir le híoschaighdeáin cháilíochta chun éileamh ar dhrugaí a laghdú, dea-chleachtais maidir le cóireáil agus díobháil a laghdú. Sa chiall sin, táthar ag súil go mbeidh tionchar indíreach dearfach ar chearta bunúsacha ag an athailíniú ar fheidhmiú na Gníomhaireachta.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Líon na bhfoilseachán a thugann aghaidh ar an andúil atá bunaithe ar shubstaint nuair a thógtar na substaintí sin in éineacht le drugaí aindleathacha i gcomhthéacs úsáid ilsubstaintí.

Líon na measúnuithe ginearálta ar bhagairtí a rinne an Gníomhaireacht.

Saotharlann fhíorúil a chur ar bun agus a bhfuil baint aici le hobair rialta na Gníomhaireachta.

Líon na bhfoláireamh ar leibhéal an Aontais a eisíodh.

Líon na bhfeachtas a forbraíodh nó a bhfuil tacaíocht á fáil acu lena bhforbairt.

Líon na dtuarascálacha faisnéise ar shaincheisteanna a chuirtear ar fáil d'údarais forfheidhmithe dlí ó thaobh an tsoláthair de.

Líon na bhfógraí chuig córas luathrabhaidh an Aontais.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Leathnófar raon feidhme gníomhaíochta na Gníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar an bhforlíontáin eile atá bunaithe ar shubstaint nuair a dhéanfar na substaintí sin in éineacht le drugaí aindleathacha; soiléireoidh an t-athbhreithniú an sainmhíniú ar úsáid ildhrugaí. Le leathnú spriocdhírthe an tsainordaithe, cuirfear ar chumas na bpointí fócasacha náisiúnta tuairisciú comhlántach, lena n-áirítear sonraí, a chur ar fáil don Gníomhaireacht.

Leathnófar sainordú na Gníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt go sainráite ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar drugaí agus le margadh na ndrugaí toisc gur gné níos tábhachtaí d'fheiniméan na ndrugaí é seo agus ní mór do Gníomhaireacht an Aontais um Dhrugaí a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar an ngné sin go hiomlán.

Neartófaí cumas faireacháin agus measúnaithe bagairtí na Gníomhaireachta agus chuirfeadh an Ghníomhaireacht tuilleadh tacaíochta ar fáil do na Ballstáit chun cur le cumas na Gníomhaireachta freagairt d'fheiniméan na ndrugaí agus do dhúshlán nua.

Bhunófaí saotharlann fhíorúil, i.e. líonra saotharlann mar aon le lárionad inniúlachta sa Ghníomhaireacht, d'fhonn a áirithiú go mbeadh gach faisnéis fhóiréinseach agus thocsaineolaíoch ar fáil don Ghníomhaireacht.

Leis an Rialachán nua, leagfar síos ceanglais íosta maidir le bunú pointí comhtheagmhála náisiúnta, agus déanfaidh an Ghníomhaireacht iad a dheimhniú ina dhiaidh sin. Léireoidh sainordú na bpointí fócasacha náisiúnta an t-athbhreithniú ar shainordú na Gníomhaireachta.

Beidh sé d'inniúlacht ag an nGníomhaireacht feachtais coisctheacha agus múscailte feasachta a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chomh maith le foláirimh a eisiúint i gcás ina mbeidh substaintí atá an-chontúirteach ar fáil ar an margadh.

Maidir leis an ngné idirnáisiúnta, shoiléireofaí cúraimí na Gníomhaireachta chun na hinniúlachtaí ábhartha a áireamh sa sainordú féin.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

Tá tionchar ag feiniméan na ndrugaí ar gach Eorpach agus is de chineál trasteorann, tras-ilchríochach agus ildisciplíneach é, go háirithe maidir le soláthar drugaí agus an choireacht eagraithe ghaolmhar. Is iomaí dúshlán coiteann ar fud na mBallstát, ó thaobh na sláinte agus na slándála de araon, ar féidir leis na Ballstáit dul i ngleic leo go héifeachtach riamh agus iad ag gníomhú i gcomhordú. Níl sé inmharthana aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí ag leibhéal náisiúnta ná réigiúnach/fo-náisiúnta de réir mar a bhogann drugaí thar theorainneacha stáit agus mór-roinn.

Is minic a bhíonn patrún sláinte nó slándála a bhraitear i mBallstát an-mhinic i mBallstáit eile. Ní bheadh reachtaíocht náisiúnta ná fiú an dea-chleachtas náisiúnta in ann aghaidh a thabhairt ar ghnéithe trasteorann fheiniméan na ndrugaí. Mar gheall ar an ngné thrasnáisiúnta sin, tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Cuirtear san áireamh sa togra reachtach seo raon leathan beartas de chuid an Aontais i réimse na slándála inmheánaí agus na sláinte poiblí. Maidir le beartais drugaí sa chiall is cúinge, cuirtear Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025 agus an Plean Gníomhaíochta gaolmhar san áireamh sa togra reachtach seo. Cuirtear san áireamh leis freisin an leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 chomh maith le roinnt gníomhartha chun substaintí a chur leis an sainmhíniú ar dhruaí faoi Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle. Thairis sin, cuirtear san áireamh sa togra reachtach seo comhar⁷⁸ na Gníomhaireachta le comhlachtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe Europol, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), an Ghníomhaireacht Leigheasra

⁷⁸ Mar shampla, is iad EMCDDA agus Europol a eisiúint an phríomhthuarascáil drugaí ar leibhéal an Aontais – Tuarascáil an Aontais ar Mhargáil Drugaí. Sampla eile de sin is ea comhar le Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile ábhartha maidir le hoiliúint a chur ar fhorfheidhmiú an dlí i ndrugaí agus ar lucht déanta cinní breithiúnacha nó i gcomhthéacs an nós imeachta measúnaithe riosca le haghaidh substaintí sicighníomhacha nua.

Eorpach (EMA), agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), chomh maith le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Maidir le nuálaíocht, cuirtear san áireamh sa togra reachtach seo an maoiniú a thugann an AE do bheartas drugaí faoi Fhís 2020, an Ciste Slándála Inmheánaí, na Tionscnaimh Bheartais Drugaí faoin gClár um Cheartas agus an clár taighde nua Fís Eorpach. Maidir leis an tsláinte phoiblí, cuirtear san áireamh sa togra reachtach seo gur bunaíodh córas luathrabhaidh agus freagartha i ndáil le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte agus na tograí le haghaidh na n-athruithe ar shainorduithe roinnt de na gníomhaireachtaí thuasluaite. Bhreithnigh sé freisin bunú an Údaráis Eorpaigh um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA). Maidir le comhar na Gníomhaireachta le tríú tíortha, cuirtear beartais sheachtracha an Aontais san áireamh sa togra reachtach seo.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

D'fhan ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht cobhsaí den chuid is mó in CAI 2014-2020 d'ainneoin sainordú sínte tar éis ghlacadh reachtaíocht 2017 maidir le substaintí sícighníomhacha nua agus an méadú dosheachanta ar chostais oibriúcháin na Gníomhaireachta.

Táblaí CAI 2021-2027 le haghaidh ranníocaíocht chobhsaí an Aontais leis an nGníomhaireacht, ina bhfuil foireann chobhsaí agus innéacsú bliantúil 2 %.

Tá sé i gceist leis an athbhreithniú atá beartaithe Rialachán bunaidh na Gníomhaireachta a nuachóiriú, Rialachán nach bhfuil modhnaithe ó 2006 i leith, agus roinnt de na forálacha atá ann cheana a shoiléiriú. Cuirfidh sé cúraimí nua leis freisin, a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fhorbairtí le déanaí i mbeartas na margaí drugaí. Go deimhin, ní léiríonn sainordú reatha na Gníomhaireachta réaltacht reatha fheiniméan na ndrugaí. Dá bhrí sin, níl an ghníomhaireacht ar aon chéim le cúraimí a cheanglaítear ar Ghníomhaireacht atá ag feidhmiú go héifeachtach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fheiniméan na ndrugaí an lá atá inniu ann agus, ar an gcaoi sin, freagairt éifeachtach a thabhairt ar iarrataí arna ndéanamh chuici ag a príomhpháirtithe leasmhara.

Ós rud é go ndéanfar sainordú na Gníomhaireachta a leathnú leis an togra agus go ndéanfar cúraimí eile a shoiléiriú leis sin, agus leis sin déanfar inniúlachtaí na Gníomhaireachta a leathnú faoi théarmaí na gconarthaí.

Is bainistíocht fhónta airgeadais é leibhéal na n-acmhainní a ailíniú le sainordú athbhreithnithe. Ní mór acmhainní airgeadais breise agus foireann bhreise a bheith ann chun tacú leis an togra, i gcomparáid le hacmhainní a cuireadh in áirithe sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 a glacadh.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ tréimhse theoranta

- ☐ Togra/tionscnamh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ tréimhse neamhtheoranta

Cur chun feidhme gona thréimhse thionscnaimh idir na blianta 2024 agus 2027, agus oibriú lánsála ina dhiaidh sin.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁷⁹

☐ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún trí

- ☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais leo;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus lena soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

Sainaithníodh an bhunlíne do ranníocaíocht an Aontais le buiséad Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh bunaithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 a glacadh agus ar Fhiche Uimh⁸⁰.

Chun an inléiteacht agus an trédhearcacht is fearr is féidir a áirithiú, ní áirítear sa tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an tionscnamh reachtach ach na hacmhainní is gá sa bhreis ar ranníocaíocht bhunlíne na Gníomhaireachta ón Aontas mar a leagtar síos sa CAI a glacadh 2021-2027 (ní thugtar le fios ach na costais bhreise i gcomparáid leis an mbonnlíne, ní thugtar na costais charnacha, mura sonraítear a mhalairt go soiléir).

⁷⁹ Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>.

⁸⁰ Doiciméad oibre sheirbhíse an Choimisiúin maidir le gníomhaireachtaí dlíraithe agus OIPE, 8 Meitheamh 2020

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar an togra de réir na bprionsabal a leagtar amach i Rialachán EMCDDA⁸¹, sa Rialachán Airgeadais⁸² agus i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe⁸³.

Go háirithe, cuirfidh an Ghníomhaireacht Doiciméad Clársceidealaithe Aonair chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle gach bliain, ina mbeidh cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla agus clársceidealú acmhainní. Leagfar amach sa doiciméad clársceidealaithe aonair na cuspóirí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthachtáil cuspóirí agus torthaí. Cuirfidh an Ghníomhaireacht Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí faoi bhráid an bhoird bainistíochta. Áirítear sa tuarascáil sin go háirithe faisnéis maidir le baint amach na gcuspóirí agus na dtorthaí a leagtar amach in SPD. Seolfar an tuarascáil sin chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Thairis sin, cuirfidh an Coimisiún tús rialta le meastóireacht ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i dtaca lena cuspóirí, lena sainordú, lena cúraimí agus lena suíomh (gach 6 bliana sa Rialachán roimhe seo, gach 5 bliana sa togra reatha). Cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh an tuarascáil mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta.

Rinneadh an 4ú meastóireacht in 2018/19. Baineadh de thátal as go n-oibríonn an Ghníomhaireacht go maith ar an iomlán, go háirithe maidir leis na cúig chritéar mheastóireachta (ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE), ach go bhfuil gá le feabhsuithe i roinnt réimsí, go háirithe i bhfianaise na bhforbairtí is déanaí i bhfeiniméan na ndrugaí. Tá an mheastóireacht dheireanach seo ar cheann de na rudaí a spreagann an togra seo, lena ndéantar athbhreithniú ar shainordú na Gníomhaireachta.

De bhreis ar an sásra meastóireachta sin, tarraingeoidh an Coimisiún sonraí tríd an ionadaíocht atá aige i gcrúinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta agus tríd an maoirseacht a dhéanfaidh sé, in éineacht leis na Ballstáit, ar obair na Gníomhaireachta.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí iocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ós rud é go mbeidh tionchar ag an togra ar ranníocaíocht bhliantúil an Aontais leis an nGníomhaireacht, cuirfear buiséad an Aontais chun feidhme trí bhainistíocht indíreach.

⁸¹ Rialachán (AE) 2017/2101 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise maidir le substaintí sícighníomhacha nua, agus le córas luathrabhaidh agus nós imeachta measúnaithe riosca maidir leo. Bunaíodh an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí le Rialachán (CEE) Uimh. 302/93 ón gComhairle. Athmhúnláíodh an gníomh bunaidh sin in 2006 le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, a leasaíodh le Rialachán (AE) 2017/2101 trí na rialacha maidir le malartú faisnéise maidir le substaintí sícighníomhacha nua agus córas luathrabhaidh agus nós imeachta measúnaithe riosca a chomhtháthú.

⁸² Rialachán Airgeadais an Lárionaid Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) - <https://www.emcdda.europa.eu/system/files/publications/1013/financial-regulation-emcdda-Jun2019.pdf>

⁸³

https://europa.eu/european-union/sites/europaeu/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_en.pdf

De bhun phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, cuirfear buiséad EMCDDA chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach éifeachtúil⁸⁴. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar an EMCDDA straitéis rialaithe iomchuí a chur chun feidhme a chomhordófar i measc na rannpháirtithe éagsúla a cheanglaítear le rialachán airgeadais an Aontais.

Maidir le rialuithe ex-post, tá EMCDDA, mar ghníomhaireacht dhílártaite, faoi réir an méid seo a leanas:

- iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin.
- tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúcháirí, lena dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n- idirbheart is bun leo.
- urscaoileadh bliantúil a dheonaíonn Parlaimint na hEorpa.
- imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí.

Mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta na Gníomhaireachta, cuirfidh AS um Imirce agus Gnóthaí Baile a Straitéis Rialaithe maidir le gníomhaireachtaí díláraithe chun feidhme d'fhonn tuairisciú iontaofa faoi chuimsiú a Thuarascála Bliantúil ar Ghníomhaíochtaí a áirithiú. Cé go bhfuil gníomhaireachtaí díláraithe iomlán freagrach as a mbuiséad a chur chun feidhme, tá AS um Imirce agus Gnóthaí Baile freagrach as ranníocaíochtaí bliantúla a íoc go tráthrialta arna mbunú ag an Údarás Buiséadach.

Ar deireadh, cuireann an tOmbudsman Eorpach sraith bhreise rialúcháin agus cuntasachta ar fáil.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Cuireann an Gníomhaireacht caighdeán rialaithe inmheánaigh (ICS) agus Creat Rialaithe Inmheánaigh (CCI) chun feidhme, ag eascairt as na prionsabail agus na treoirlínte arna leagan síos ag an gCoimisiún Eorpach araon. Is iad an ICS agus an ICF an bonn chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ag an nGníomhaireacht.

Tá cúig chomhpháirt idirghaolmhara sa CCI agus tá 17 phrionsabal ann a bhfuil sé mar aidhm leo cinnteacht réasúnta a thabhairt i ndáil leis na nithe seo a leanas: 1. éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht na n- oibríochtaí; 2. iontaofacht tuairiscithe; 3. acmhainní agus faisnéis a chosaint; 4. calaois agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú, agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith; 5. bainistíocht leordhóthanach ar rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht na n- idirbheart is bun leo.

Tá an próiseas bainistithe riosca ina ghné lárnach den chóras rialaithe inmheánaigh agus déantar cleachtadh cuimsitheach sainaitheanta riosca agus measúnaithe go rialta agus é dírithe ar bhainistiú riosca a fheabhsú sa Gníomhaireacht. Déantar an clár lárnach rioscaí a nuashonrú go rialta. Sainithnítear sa chlár sin, i gcás gach réimse, an leibhéal riosca, an tionchar agus an fhreagairt a mheastar a bheidh ann; na bearta maolaitheacha atá i bhfeidhm faoi láthair; agus liosta na gclár, na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí a rannchuideoidh leis na leibhéil riosca iarmharacha atá fós gan íoc a laghdú. Déantar measúnú riosca ar bhonn leanúnach ag an nGníomhaireacht i gcaitheamh na bliana, agus rinne na bainisteoirí anailís chuimsitheach i gcomhthéacs na doiciméid clársceidealaithe aonair a ullmhú.

⁸⁴ I gcomhréir le Rialachán Airgeadais EMCDDA, Airteagal 30 “Rialú inmheánach ar chur chun feidhme an bhuiséid”

Thairis sin, ní mór faisnéis a sholáthar i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair na Gníomhaireachta maidir leis na córais rialaithe inmheánaigh, agus ní mór faisnéis a bheith sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí – nó sa Tuarascáil Ghinearálta Gníomhaíochtaí – maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánach, lena n-áirítear maidir le measúnú riosca. Léirítear i dTuarascáil 2020 go bhfuil measúnú déanta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ina iomláine a bheith go hiomlán éifeachtach agus ag feidhmiú go maith.

Mar ghníomhaireacht dhíláráithe, is í Cúirt Iniúcháirí na hEorpa agus an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach a rialaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí an EMCDDA freisin.

Ina cháil mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta na Gníomhaireachta, reáchtálann AS HOME cleachtadh bliantúil i ndáil le bainistíocht riosca chun rioscaí arda a shainaithint agus a mheasúnú, rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hoibríochtaí gníomhaireachtaí, lena n-áirítear EMCDDA. Tuairiscítear na rioscaí a mheastar a bheith criticiúil go bliantúil i bplean bainistíochta AS um Imirce agus Gnóthaí Baile agus bíonn plan gníomhaíochta ag gabháil leo ina luaitear na ghníomhaíochtaí maolaithe.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an iocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tuairiscíonn an Coimisiún ar an gcóimheas “costais rialaithe/luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”. Tuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí le haghaidh 2020 ó AS HOME cóimheas 0.21 % i ndáil le hEintitis Iontaobhaithe Bainistíochta Indírí agus Gníomhaireachtaí Díláráithe, lena n-áirítear EMCDDA.

Dheimhnigh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa dlíthiúlacht agus rialtacht chuntais bhliantúla EMCDDA le haghaidh 2020, rud a thugann le tuiscint go bhfuil ráta earráide faoi bhun 2 % ann. Ní thugann aon ní le fios go n- éireodh an ráta earráide sin níos measa sna blianta amach romhainn.

Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 80 de Rialachán Airgeadais EMCDDA go bhféadfaidh an Gníomhaireacht cumas iniúcháireachta inmheánach a chomhroinnt le comhlachtaí eile de chuid an Aontais atá ag feidhmiú sa réimse beartais céanna mura mbeidh an cumas iniúcháireachta inmheánach atá ag comhlacht aonair de chuid an Aontais costéifeachtach.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coiscitheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Léirítear na bearta a bhaineann le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, inter alia, in Airteagal 16 de Rialachán na Gníomhaireachta agus faoi Theideal X de Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta.

Cuireann an EMCDDA straitéis frithchalaoise shonrach chun feidhme ina léirítear modheolaíocht agus treoir OLAF, i gcomhréir leis an gCur Chuige Coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais. Tá an EMCDDA tar éis tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar a Straitéis Frithchalaoise mar obair leantach ar an athbhreithniú a rinne an Coimisiún Eorpach ar a straitéis féin in 2019. Táthar ag súil go ndéanfar an obair thar 2021.

Ina theannta sin, cuireann an Gníomhaireacht beartas sonrach chun feidhme maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, a chuir san áireamh na príomh-mholtaí atá dírithe ar ghníomhaireachtaí sa réimse seo ag Parlaimint na hEorpa, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag Ombudsman an AE agus ag Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh an Choimisiúin.

Ina Tuarascáil Ghinearálta ar Ghníomhaíochtaí 2020, tuairiscíonn an Gníomhaireacht nach raibh aon chásanna calaoise ann ó cruthaíodh í. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go ginearálta go bhfuil leibhéal neamhchosanta an EMCDDA ar an riosca calaoise laghdaithe go leor.

Ar deireadh, mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta, tá AS um Imirce agus Gnóthaí Baile tar éis a straitéis frithchalaoise féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhonn na modheolaíochta arna soláthar ag OLAF. Tagann gníomhaireachtaí díláraithe, agus EMCDDA san áireamh, faoi raon feidhme na straitéise. In AAR 2020, tháinig AS HOME ar an gconclúid go raibh cinnteacht réasúnta aige go raibh na bearta frithchalaoise éifeachtach.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁸⁵	ó thíortha de chuid CSTE ⁸⁶	ó thíortha is iarrthóirí ⁸⁷	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
5	12 10 03	LD/LN.	LÍON	LÍON	LÍON	LÍON

⁸⁵ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁸⁶ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁸⁷ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	Ceannteideal 5 – Slándáil agus Cosaint
---	--------	--

Gníomhaireacht Drugaí na hEorpa			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Teideal 1:	Gealltanais	(1)					
	Íocaíochtaí	(2)					
Teideal 2:	Gealltanais	(1a)					
	Íocaíochtaí	(2a)					
Teideal 3:	Gealltanais	(3a)					
	Íocaíochtaí	(3b)					
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh	Gealltanais	=1+1a +3a	14,137	15,634	16,376	16,784	62,931
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	14,137	15,634	16,376	16,784	62,931

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
AS: Imirce agus Gnóthaí Baile (HOME)						
• Acmhainní Daonna		0,152	0,152	0,152	0,152	0,608
• Caiteachas riaracháin eile		0.110	0.110	0.110	0.110	0.440
IOMLÁN AS HOME	Leithreasuithe	0.262	0.262	0.262	0.262	1.048

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	0.262	0.262	0.262	0.262	1.048
--	---	-------	-------	-------	-------	--------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	14,399	15,896	16,638	17,046	63,979
	Íocaíochtaí	14,399	15,896	16,638	17,046	63,979

3.2.2. An tionchar a mheastar ar leithreasuithe [comhlachta]

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Ní áirítear sa tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an tionscnamh reachtach ach na hacmhainní is gá chomh maith le ranníocaíocht bhunlíne an EMCDDA (costais bhreise i gcomparáid leis an mbunlíne – CAI 2021-2027).

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóir i agus aschuir			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		IOMLÁN	
	Saghas ⁸⁸	Meán chostas	Méid	Costas	Méid	Costas	Méid	Costas	Méid	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓												
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 Cumhdach níos leithne ar shaincheisteanna maidir le húsáid ildhrugaí												
- Aschur	Líon na bhfoilseachán lena dtugtar aghaidh ar shuimithe os cionn drugaí aindleathacha i gcomhthéacs náisiúnta			1.676		1.858		1.834		1.903		7.271
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 1				1.676		1.858		1.834		1.903		7.271
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 Cumas feabhsaithe chun measúnú a dhéanamh ar bhagairtí												

⁸⁸ Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

- Aschur	Líon na measúnuithe ginearálta ar bhagairtí a rinne an			1.838		2.053		3.035		3.142		10.068
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2				1.838		2.053		3.035		3.142		10.068
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3 Saotharlann fhíorúil fóiréinsice & thocsaineolaíoch a bhunú												
- Aschur	Saotharlann fhíorúil a chur ar bun agus a bhfuil baint aici le hobair rialta na Gníomhai reachta.			5,277		4,735		3,916		3,916		17.845
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 3				5,277		4,735		3,916		3,916		17.845
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4 Ról treisithe Phointí Fócasacha Náisiúnta REITOX												
- Aschur	Líon na bhfoláireamh ar leibhéal an Aontais a eisíodh.			0.800		0.800		0.800		0.800		3.200

Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 4				0.800		0.800		0.800		0.800		3.200
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 5 Inniúlacht fheabhsaithe le hagaidh feachtas faisnéise agus cumarsáide riosca												
- Aschur	Líon na bhfeachta s a forbraíod h nó a bhfuil tacaíocht á fáil acu lena bhforbairt			0,200		1.069		1.138		1.176		3.583
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 5				0,200		1.069		1.138		1.176		3.583
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 6 Cumas feabhsaithe i saincheisteanna soláthair agus slándála												
- Aschur	Líon na dtuarascálacha faisnéise ar shaincheisteanna a chuirtear ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí ó thaobh			3.577		3.804		4.161		4.406		15.949

	an tsoláthair de.											
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 6				3.577		3.804		4.161		4.406		15.949
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 7 Soiléiriú ar an ngné idirnáisiúnta												
- Aschur	Líon na bhfógraí chuig córas luathrabh aidh an Aontais.			0.769		1.314		1.490		1.440		5.014
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 7				0.769		1.314		1.490		1.440		5.014
COSTAS IOMLÁN				14,137		15,634		16,376		16,784		62,931

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar acmhainní daonna [comhlachta]

3.2.3.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

Gníomhairí sealadacha - Bonnline (Dréachtbhuiséad 2022) ⁸⁹	10.524	10.524	10.524	10.524	42.095
Gníomhairí sealadacha – Breise i gcomparáid leis an mbonnline (carnach)	0.900	2.423	3.254	3.600	10.178
Gníomhairí sealadacha - IOMLÁN ⁹⁰	11.424	12.947	13.778	14.124	52.273
Baill foirne ar conradh - Bonnline (Dréachtbhuiséad 2022)	2.540	2.540	2.540	2.540	10.160
Baill foirne ar conradh – Breise i gcomparáid leis an mbonnline (carnach)	-	0.037	0.261	0.485	0.784
Foireann ar conradh – IOMLÁN	2.540	2.577	2.801	3.025	10.944
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht– Bonnline (Dréachtbhuiséad 2022) – gan SNI breise	0.078	0.078	0.078	0.078	0.313

IOMLÁN na mball foirne uile	14.042	15.603	16.658	17.228	63.530
------------------------------------	--------	--------	--------	--------	---------------

Riachtanais foirne (FTE):

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
--	----------------	----------------	----------------	----------------

Gníomhairí sealadacha - Bonnline (Dréachtbhuiséad 2022)	76	76	76	76
---	----	----	----	----

⁸⁹ Leibhéil foirne a léirítear i nDréachtbhuiséad 2022, agus an toimhde ann go bhfanfaidh an fhoireann cobhsaí go dtí 2024, arna ríomh ar bhonn mheánchostais an aonaid foirne atá le húsáid i gcomhair LFS, arna n-innéacsú leis an gcomhéifeacht cheartúcháin don Phortaingéil (91,1 %).

⁹⁰ Ní féidir an leithdháileadh mionsonraithe idir gníomhaire sealadach – AD agus gníomhairí sealadacha – AST a sholáthar ag an tráth seo. Rinneadh na meastacháin ar chostais don fhoireann ar bhonn na meánchostas do ghníomhaire sealadach, arna n-innéacsú leis an gcomhéifeacht cheartúcháin don Phortaingéil (91,1 %).

Gníomhairí sealadacha – Breise i gcomparáid leis an mbonnlíne (carnach)	13	22	25	27
Gníomhairí sealadacha - IOMLÁN	89	98	101	103
Baill foirne ar conradh - Bonnlíne (Dréachtbhuiséad 2022)	34	34	34	34
Baill foirne ar conradh – Breise i gcomparáid leis an mbonnlíne (carnach)	-	1	6	7
Foireann ar conradh – IOMLÁN	29	38	40	41
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht– Bonnlíne (Dréachtbhuiséad 2022)	1	1	1	1

IOMLÁN	119	137	142	145
---------------	------------	------------	------------	------------

Rinneadh na hacmhainní daonna is gá chun cuspóirí an tsainordaithe nua a chur chun feidhme a mheas i gcomhar le EMCDDA. Cuirtear san áireamh sna meastacháin an méadú ionchasach ar an ualach oibre de réir mar a bhainfidh geallsealbhóirí úsáid níos mó as seirbhísí EMCDDA le himeacht ama, chomh maith leis an am a bheidh ag teastáil ó EMCDDA chun acmhainní a iompar ionas nach mbeadh an ghníomhaireacht in ann a ranníocaíocht ó AE a chur chun feidhme ina hiomláine agus leithreasuithe a ghealladh in am trátha. Áirítear sna meastacháin freisin na costais is gá chun an tsaotharlann fhíorúil a bhunú, lena n-áirítear tús a chur leis na costais aonuaire.

Tá bonn cirt leis an bhfoireann is gá chun an sainordú a athbhreithniú i ngeall ar riachtanais leanúnacha oibríochtúla, go háirithe sna réimsí a dtugann an ghníomhaireacht mionsonrú orthu. Gabhfaidh na próifíle foirne atá beartaithe a chuirfear le hoibríochtaí agus ní thiocfaidh méadú ar líon na ndaoine atá i mbun riaracháin/forchostais, rud a chabhróidh le héifeachtúlacht na n-oibríochtaí dá bhrí sin:

- Eolaithe/scéimeanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha:*** Tá gá leis le haghaidh measúnú bagartha, saotharlann fhíorúil, anailís drugaí, anailís réamhtheachtaithe, próifiliú suíomhanna táirgthe básanna agus nimhiú etc.
- Anailísithe a bhfuil saineolas acu ar ghnéithe oibríochtúla agus straitéiseacha de phóilíneacht agus slándáil coireachta.*** Tá an saineolas sin thar a bheith teoranta faoi láthair laistigh den ghníomhaireacht.
- Anailísithe straitéiseacha agus oibríochtúla.*** Tá gá leis chun anailís idirnáisiúnta agus gheopholaitiúil, measúnú ar bhagairtí agus luathrabhadh laistigh den Aontas a fhorbairt agus chun bagairtí seachtracha a shainaithint.
- Eolaí sonraí, samhaltóirí sonraí agus anailísithe sonraí.*** Tá gá leis chun bainistiú a dhéanamh ar líon níos mó sonraí agus ar líon níos casta sonraí a bhaileofaí le tascanna nua.
- Tacaíocht beartais/eolaí polaitiúil.*** Tá gá leis chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do ról meastóireachta beartais agus beartais.

- f. **Bainisteoirí teicniúla tionscadail:** Conarthaí um bailiú sonraí agus staidéir taighde a bhainistiú.
- g. **Oiliúnóirí, forbairt curaclaim agus saineolaithe forbartha acmhainní:** Aghaidh a thabhairt ar ról feabhsaithe san oiliúint agus acmhainn a fhorbairt laistigh den Aontas agus go seachtrach.
- h. Beidh gá le hacmhainn mhéadaithe **chun tacú leis na bunachair shonraí, bonneagar TFC**, slándáil córas, agus ardáin na ngeallsealbhóirí a theastaíonn chun na hacmhainní agus na hinniúlachtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann a sholáthar.
- i. **Ailtire um Intleacht Shaorga (IA) agus Anailiseoir um Fhaisnéis Ghnó (BI)** chun cuidiú le hardán digiteach EMCDDA a fhorbairt agus a chothabháil agus réitigh nua, meaisínfhoghlaím agus anailísíocht sonraí a fhorbairt.

Is é 145 líon iomlán na mball foirne faoin sainordú athbhreithnithe faoi 2027, lena n-áirítear 103 Gníomhaire Sealadacha, 41 Gníomhaire ar Conradh agus 1 Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht. Ní áirítear san iomlán de 145 ball foirne atá beartaithe a bheith ag obair sa Ghníomhaireacht faoi 2027 baill foirne arna bhfruiiliú ar dheontas ad hoc/ar chomhaontuithe tarmligin/ranníocaíochta, a thuairiscítear ar leithligh faoi roinn 4.3 de bhuiséad an Aontais. Tá dátaí earcaíochta beartaithe do lár na bliana. Rinneadh na méideanna a oiriúnú dá réir: rinneadh na costais a bhaineann le baill foirne nua a earcú a mheasúnú mar 50 % de na meánchostais sa bhliain inar earcaíodh iad. Meastar go gcuireann an bhreis foirne atá beartaithe le héifeachtúlacht na n-oibríochtaí, ós rud é nach bhfuil aon athrú ar líon na foirne riaracháin.

3.2.3.2. Ceanglais mheasta na n- acmhainní daonna a mheastar don mháthair- AS

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)				
20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	1	1	1	1
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)				
01 01 01 01 (Taighde indíreach)				
10 01 05 01 (Taighde díreach)				
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁹¹				
20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')				
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna Toscaireachtaí)				
Línte Buiséid (sonraigh) ⁹²	- sa Cheanncheathrú ⁹³			
	- i dToscaireachtaí			
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)				
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)				
Línte buiséid eile (sonraigh)				
IOMLÁN	1	1	1	1

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don

⁹¹ AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí.

⁹² Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

⁹³ Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) go príomha.

Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Ionadaíocht a dhéanamh ar son an Choimisiúin ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta. Tuairim an Choimisiúin a tharraingt suas maidir leis an gclár oibre bliantúil agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid. Cabhrú leis an nGníomhaireacht chun a cuid gníomhaíochtaí a fhorbairt i gcomhréir le beartais an Aontais, lena n- áirítear trí pháirt a ghlacadh i gcruinnithe saineolaithe.
Pearsanra seachtrach	<i>Nil aon fhoireann sheachtrach beartaithe</i>

Ba cheart tuairisc ar ríomh na gcostas le haghaidh aonaid FTE a áireamh in Iarscríbhinn V, roinn 3.

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

- ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.
- ☒ Is éard a bheidh sa togra/tionscnamh athshannadh an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

Cuimsítear leis an togra acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna breise do EMCDDA i gcomparáid leis an méid atá buiséadaithe faoi láthair i dtogra CAI (Meabhrán Uimh. 68). Déanfar tionchar buiséadach na n-acmhainní airgeadais breise do EMCDDA a fhritháireamh le laghdú cúiteach ón gcaiteachas réamhshocráithe faoi Cheannteideal 4.

- ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil⁹⁴.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

- ☒ Ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe leis an togra/tionscnamh.
- Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá measta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁹⁴

Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 ina leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2021 go 2027.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnaimh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁹⁵					
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	
Airteagal							

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

⁹⁵

A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.